Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Feabhra 2025**
**(OR. en)**

**6047/25**

**COMPET 60**
**MI 74**
**ENFOCUSTOM 24**
**CONSOM 20**
**ENV 64**
**RC 7**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 6 Feabhra 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 37 final |
| Ábhar: | TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN Bosca uirlisí cuimsitheach de chuid an Aontais le haghaidh ríomhthráchtáil shábháilte inbhuanaithe |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 37 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 37 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 5.2.2025
COM(2025) 37 final

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

**Bosca uirlisí cuimsitheach de chuid an Aontais le haghaidh ríomhthráchtáil shábháilte inbhuanaithe**

GA GA

**Bosca uirlisí cuimsitheach de chuid an Aontais le haghaidh ríomhthráchtáil shábháilte inbhuanaithe**

**De bharr na ríomhthráchtála tá athrú ó bhonn tagtha ar an gcaoi a n-idirghníomhaíonn tomhaltóirí agus gnólachtaí, lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), rud a chuireann go leor buntáistí ar fáil do gheilleagar an Aontais ina iomláine. An tráth céanna, mar gheall ar an mborradh a tháinig le déanaí faoi earraí a cheannaítear ar líne agus a allmhairítear isteach san Aontas go díreach chuig tomhaltóirí, tá méadú tagtha ar na dúshláin a bhaineann leis an ríomhthráchtáil. Áirítear orthu sin an riosca go ndéanfadh táirgí neamhchomhlíontacha díobháil do shláinte agus do shábháilteacht tomhaltóirí, an riosca go ndéanfaí damáiste do-aisiompaithe don chomhshaol agus go mba ann do lorg diúltach carbóin, agus tionchar diúltach ar iomaíochas gnólachtaí atá géilliúil don dlí.**

**Tá fís á cur chun cinn ag an Aontas ina dtreisíonn an ríomhthráchtáil an inbhuanaitheacht, an áisiúlacht, an tsábháilteacht agus an iontaofacht, agus ina bhfuil sí ina meán le haghaidh an chlaochlaithe dhigitigh i gcomhréir le spriocanna na Deacáide Digití do 2030. Leis an ríomhthráchtáil ba cheart gnólachtaí nuálacha freagracha a chothú, agus cleachtais chóirthrádála á gcur i bhfeidhm agus dlíthe an Aontais á gcomhlíonadh an tráth céanna.**

**Leagtar amach sa Teachtaireacht seo cur chuige cuimsitheach an Choimisiúin chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le hallmhairí ríomhthráchtála ar feadh a saolré ar fad. D'fhógair an Coimisiún a thosaíochtaí forfheidhmiúcháin, agus d'iarr sé comhar agus comhordú neartaithe i measc na n-údarás ábhartha uile. Ba cheart a áirithiú leis an gcomhar sin go ndéanfaidh táirgí allmhairithe a sheoltar go díreach chuig tomhaltóirí tríd an ríomhthráchtáil rialacha an Aontais agus cleachtais chóirthrádála a chomhlíonadh. Chun an sprioc sin a bhaint amach, iarrann an Coimisiún ar na Ballstáit agus ar a n-údaráis inniúla ról réamhghníomhach a ghlacadh maidir le faireachán a dhéanamh ar na príomhghníomhaíochtaí a leagtar amach sa Teachtaireacht seo agus iad a chur chun feidhme. Ina theannta sin, leagann an Coimisiún amach bearta chun na húdaráis chustaim agus na húdaráis um fhaireachas margaidh a dhéanamh níos athléimní agus níos éifeachtaí, go háirithe trí bhíthin ardchur chun feidhme Athchóiriú an Aontais Custaim, toisc go gcuirfeadh sé deireadh le faoiseamh ó dhleacht le haghaidh coinsíneachtaí ar luach íseal agus go gcuirfeadh sé feabhas ar acmhainneachtaí rialaithe, agus trí bhíthin táille láimhseála neamh-idirdhealaitheach chomh maith a d'fhéadfadh a bheith ann le haghaidh earraí allmhairithe a sheachadtar go díreach ar thomhaltóirí. Iarrann an Coimisiún ar pháirtithe leasmhara margaidh agus institiúideacha comhoibriú san iarracht sin.**

## 1. TREOCHTAÍ AGUS DÚSHLÁIN MAIDIR LE hALLMHAIRÍ RÍOMHTHRÁCHTÁLA


**Tá an ríomhthráchtáil ina cuid dhílis den chaoi a ndéanann tomhaltóirí ceannacháin ar líne. Ceannaíonn 70 % de mhuintir na hEorpa táirgí ar líne go tráthrialta**[1], ó ríomhshiopaí díoltóirí agus trí mhargaí ar líne araon. Síleann 76 % de thomhaltóirí go mbeidh an tsiopadóireacht ar líne agus díol táirgí agus seirbhísí ar líne i measc na dteicneolaíochtaí digiteacha is tábhachtaí san Eoraip faoi 2030[2].

[1] Sonraí de chuid an Eorabharaiméadair le haghaidh 2023, inrochtana ag [Staidreamh ríomhthráchtála le haghaidh daoine aonair - Míniú ar Staidreamh]

**Le blianta beaga anuas, tá fás mór tagtha ar mhargaí ar líne go háirithe,** agus tháinig gníomhaithe idirnáisiúnta, agus go leor gnólachtaí Eorpacha freisin, chun cinn mar churaidh réigiúnacha. I measc na dtairiscintí ar mhargaí ar líne bíonn raon leathan táirgí, a dhéantar tarraingteach go minic mar gheall ar a bpraghas íseal agus an próiseas ceannaigh simplí, le seachadadh tapa saor. Tá margaí ar líne tar éis trádáil idirnáisiúnta in earraí tomhaltais a oscailt: nasctar tomhaltóirí le réimse leathan díoltóirí leo, ó bhrandaí seanbhunaithe go táirgeoirí beaga agus gnólachtaí nuathionscanta san Aontas agus ar fud an domhain. Is minic a bhíonn samhail ghnó hibrideach acu, a ghníomhaíonn ní hamháin mar idirghabhálaí idir tomhaltóirí agus gnólachtaí, ach chomh maith leis sin lena ndíoltar go díreach le tomhaltóirí agus lena dtacaítear le mórbhealaí táirgthe agus dáileacháin lasmuigh den Aontas.

**Is spás nuálaíochta tráchtála agus digití í an ríomhthráchtáil**, ina bhfuil tairiscintí agus moltaí pearsantaithe, chomh maith le barrfheabhsúcháin atá cumasaithe ag IS, réitigh mhargaíochta agus feidhmchláir do thomhaltóirí.

**Tá borradh faoi earraí ríomhthráchtála a allmhairíonn tomhaltóirí san Aontas go díreach le blianta beaga anuas agus táthar ag súil go leanfar den fhás ar an méid go tapa** agus iad ag baint tairbhe as an díolúine ó dhleacht atá ann faoi láthair le haghaidh coinsíneachtaí ar luach íseal (suas le EUR 150). De réir shonraí faireachais an Aontais, allmhairíodh 4,6 billiún earra íseal-luacha den sórt sin isteach san Aontas in 2024. Tá sé sin beagnach dhá oiread níos mó ná an líon a taifeadadh in 2023 (2,4 billiún), agus tháinig méadú níos mó ná méadú faoi thrí ar an líon ó bhí 2022 ann (1,4 billiún). Is ionann sin agus suas le 12 mhilliún **earra** bheaga in aghaidh an lae.




In 2024 is ón tSín a tháinig 91 % de na lastais ríomhthráchtála uile ar luach suas le EUR 150 isteach san Aontas agus tháinig méadú níos mó ná méadú faoi dhó ar a méid idir 2023 agus 2024 – ó 1,9 billiún go 4,17 billiún earra. Tá an borradh sin i gcomhthráth leis an bhfás an-tapa ar mhargaí áirithe ar líne. Tá fás as cuimse tagtha ar Temu agus SHEIN, go háirithe, i margadh an Aontais, agus scálú déanta acu go dtí os cionn 75 mhilliún úsáideoir san Aontas laistigh de chúpla mí in 2024. Mar thoradh ar fhógraíocht rábach ar líne, praghsáil íseal agus seachadadh sárthapa, tá soláthar earraí ar luach íseal trí mhargaí ar líne den sórt sin tar éis éileamh láidir a ghiniúint.

Cruthaíonn an méadú tapa ar allmhairí a sheoltar go díreach chuig tomhaltóirí dúshláin mhóra ar gá aird phráinneach a thabhairt orthu, go háirithe i gcás ina bhféadfadh táirgí allmhairithe a bheith neamhchomhlíontach le dlí an Aontais. Mar shampla, is ar líne a ceannaíodh thart ar

leath de na táirgí bréige a urghabhadh ag teorainneacha an Aontais a sháraigh cearta maoine intleachtúla FBManna[2].

**Mar thoradh ar an mborradh faoi líon na dtáirgí atá neamhshábháilte nó góchumtha nó atá neamhchomhlíontach ar bhealach eile, bíonn rioscaí tromchúiseacha sábháilteachta agus sláinte ann do thomhaltóirí, bíonn tionchar neamh-inbhuanaithe aige ar an gcomhshaol, agus spreagann sé iomaíocht éagórach do ghnólachtaí dlisteanacha, agus bíonn tionchar mór aige sin ar iomaíochas an Aontais in earnálacha éagsúla. Cuireann an líon mór táirgí a allmhairíonn tomhaltóirí go díreach isteach san Aontas brú neamh-inbhuanaithe ar na húdaráis freisin.**

### 1.1. Sábháilteacht agus comhlíontacht táirgí

**Bíonn tionchar ag táirgí contúirteacha nó góchumtha nó atá neamhchomhlíontach ar bhealach eile ar shaol laethúil daoine aonair.** Aithníonn na tomhaltóirí féin láithreacht díoltóirí neamhiontaofa ar líne mar cheann de na dúshláin is mó ar líne ag a mbíonn an tionchar pearsanta is mó orthu[3]. Tá rioscaí tromchúiseacha ann dá sláinte agus dá sábháilteacht, lena n-áirítear sábháilteacht leanaí, i bhfianaise a riachtanas sonrach agus a leochaileachta.

De réir sonraí de chuid an Eorabharaiméadair, ceannaíonn muintir na hEorpa éadaí, bróga agus gabhálais den chuid is mó, ach ceannaíonn siad cosmaidí agus táirgí áilleachta ar líne freisin[4]. Mura gcomhlíonann táirgí den sórt sin rialacha an Aontais nó na dlíthe náisiúnta is infheidhme, d'fhéadfadh iarmhairtí tromchúiseacha sláinte a bheith ann, mar shampla iarmhairtí a eascraíonn as substaintí díobhálacha i mbréagáin nó i gcosmaidí, as leibhéal na gceimiceán atá in éadaí nó i dtroscán, nó as táirgí íocshláinte falsaithe, as drugaí aindleathacha (sintéiseacha) agus as substaintí sícighníomhacha nua chomh maith le stéaróidigh tógála matán agus feabhsaitheoirí gnéis.

Tá bagairtí díreacha ar an tslándáil ann freisin: baineann coirpigh leas as an líon ard earraí ríomhthráchtála a allmhairítear chun earraí aindleathacha a dháileadh, amhail drugaí aindleathacha (sintéiseacha) agus réamhtheachtaithe drugaí, pléascáin, airm thine nó airm agus páirteanna 3T-phriontáilte. Is minic a dháileann siad iad trí bhíthin dáileachtaí beaga a dhíoltar ar an ngréasán liath agus ar an ngréasán dorcha, agus uaireanta trí mhargaí oscailte ar líne. Bíonn sé tábhachtach dul i ngleic leis an ríomhthráchtáil mar bhealach dáileacháin do choirpigh chun gníomhú go héifeachtach in aghaidh bagairtí slándála a bhíonn ag teacht chun cinn.

### 1.2. Gnéithe inbhuanaitheachta

**Bíonn éifeachtaí díobhálacha an-tromchúiseach ag an mborradh faoi allmhairí ríomhthráchtála a sheoltar go díreach chuig tomhaltóirí ar an aeráid agus ar an gcomhshaol freisin.** Leis na praghsanna miondíola an-íseal ar roinnt táirgí a dhíoltar ar líne ní

---

[2] EUIPO & ECFE, Mí-úsáid na Ríomhthráchtála le haghaidh Trádáil in Earraí Góchumtha, 2021, EUIPO_OECD_misuse-e-commerce-trade-in-counterfeits_study_en.pdf (europa.eu). 5,8 % de na hearraí uile a thagann isteach san Aontas a bhíonn in allmhairiú earraí góchumtha, féach EUROPOL & EUIPO, Measúnú ar Bhagairt na Coireachta Maoine Intleachtúla, 2022, Tuarascáil. Measúnú ar Bhagairt na Coireachta Maoine Intleachtúla 2022_2.pdf (europa.eu).

[3] Shainaithin 27 % de na tomhaltóirí a ndearnadh suirbhé orthu gurb iad na 'díoltóirí neamh-iontaofa ar líne' ag a raibh an tionchar pearsanta is mó orthu, an ceathrú ceann ar liosta na saincheisteanna, ar tháinig mí-úsáid sonraí pearsanta, bréagaisnéis ar líne agus cosaintí neamhleora do mhionaoisigh roimhe. An deacáid dhigiteach - mí Iúil 2024 - Suirbhé de chuid an Eorabharaiméadair

[4] Cheannaigh nó d'ordaigh 44 % de shiopadóirí ar líne éadaí, bróga agus gabhálais, agus cheannaigh 18 % díobh 'táirgí cosmaideacha agus áilleachta' Staidreamh ríomhthráchtála le haghaidh daoine aonair - Míniú ar Staidreamh

léirítear na costais chomhshaoil níos leithne a bhaineann le táirgeadh, loingseoireacht dhíreach agus saolré iomlán an táirge.

Áirítear ar chostais chomhshaoil freisin truailliú agus tionchar aeráide méadaithe ó úsáid ábhar áirithe nó fuinnimh breosla iontaise i dtáirgeadh earraí. Ina theannta sin, is minic a bhíonn na hearraí sin ar cháilíocht íseal, rud a chiallaíonn nach mbíonn siad tíosach ar fhuinneamh, nach maireann siad i bhfad agus nach féidir iad a dheisiú go héasca.

Is minic a sheoltar na táirgí sin chuig tomhaltóirí mar choinsíneachtaí aonair. Bíonn lorg carbóin an chleachtais sin suntasach. Cuirtear leis freisin mar gheall ar shaolré ionchais ghearr táirgí, cleachtais tráchtála amhail an mearfhaisean, an fhéidearthacht go gcuirfí na táirgí ar ais agus líon ard táirgí a chuirtear ar ais nó nach ndíoltar a bheith á scriosadh.

Ag deireadh a saolré gairide, cruthaíonn na táirgí neamhchomhlíontacha féin agus a bpacáistíocht fadhbanna maidir le bainistiú dramhaíola. Is dócha nár íocadh na táillí chun na costais cóireála dramhaíola a chumhdach agus is minic nach féidir na táirgí sin a athchúrsáil mar gheall ar na hábhair as a bhfuil siad déanta.


### 1.3. Iomaíocht éagórach agus caillteanas iomaíochais

**Tá an fás ar allmhairí ríomhthráchtála a sheoltar go díreach chuig tomhaltóirí tar éis cur leis an iomaíocht freisin, lena n-áirítear an iomaíocht idir díoltóirí an Aontais agus iad siúd atá lonnaithe lasmuigh den Aontas agus a dhíríonn a dtairiscint ar thomhaltóirí san Aontas.** Mar sin féin, d'fhéadfadh an iomaíocht sin a bheith éagórach agus d'fhéadfadh sé bac a chur ar an gcothroime iomaíochta do ghnólachtaí dlisteanacha. Mura gcomhlíonann roinnt díoltóirí ceanglais an Aontais maidir le sábháilteacht táirgí agus cosaint tomhaltóirí, seachnaíonn siad na costais chun an cháilíocht agus an tsábháilteacht ábhar is gá agus coimeád taifead cuí agus tuairisciú cuí a áirithiú. Is fíor sin freisin i gcás gnólachtaí nach gcuireann caighdeáin chomhshaoil an Aontais i bhfeidhm nó a théann timpeall ar rannchuidiú le bainistiú dramhaíola. Mar sin féin, tabhaíonn díoltóirí comhlíontacha na costais sin ó thimpeallacht dhlíthiúil chuimsitheach agus cuirtear faoi mhíbhuntáiste eacnamaíoch iad i gcomparáid le trádálaithe nach leanann na rialacha.

Ina theannta sin, **tabhaíonn gnólachtaí atá géilliúil don dlí caillteanais dhíreacha**. Nuair a bhíonn FBM thíos le góchumadh nó píoráideacht, mar shampla, is lú an seans go mairfidh sé faoi 34 % ná FBManna nach ndearnadh aon sárú ar a maoin intleachtúil[5]. Nuair a charnann sé sin bíonn caillteanais arda ann do bhrainsí éagsúla den tionscal: cailleann tionscal na n-éadaí beagnach EUR 12 bhilliún i ndíolacháin bhliantúla (5,2 % den láimhdeachas), cailleann tionscal na gcosmaidí EUR 3 bhilliún (4,8 % de dhíolacháin), agus cailleann tionscal na mbréagán EUR 1 bhilliún (8,7 % de dhíolacháin)[6].

[5] ECFE/EUIPO (2023), Na Rioscaí do Ghnólachtaí Beaga agus Meánmhéide a eascraíonn as Trádáil Aindleathach in Earraí Góchumtha, Trádáil Aindleathach, Foilsitheoireacht ECFE, Páras, https://doi.org/10.1787/fa6d5089-en

[6] Tionchar eacnamaíoch an ghóchumtha ar earnálacha na n-éadaí, na gcosmaidí agus na mbréagán san Aontas — EUIPO (europa.eu)




Thairis sin, **baineann díoltóirí earraí ó thíortha nach Ballstáit den Aontas iad tairbhe as díolúine ó dhleachtanna custaim[7] nuair a sheoltar na hearraí ar luach suas le EUR 150 (i.e. earraí ar luach íseal) go díreach chuig tomhaltóirí san Aontas.** Sampla soiléir den neamhréireacht sin atá in éadaí: os cionn an luacha fhógartha sin, tá siad faoi réir dleacht allmhairiúcháin 12 % dá luach. Ceannaítear earraí den sórt sin go mór ar mhargaí atá ag fás go tapa, amhail AliExpress, Temu agus SHEIN, ach bíonn siad ar fáil freisin ar mhargaí eile chomh maith le ríomhshiopaí díoltóirí díreacha.

### 1.4. Tá creat dlíthiúil cuimsitheach ag an Aontas

**Tá corpas cuimsitheach rialacha ag an Aontas lena rialaítear saolré iomlán táirge a allmhairítear isteach san Aontas agus lena sainítear freagrachtaí na ngníomhaithe lena mbaineann.** Tugadh roinnt píosaí dlí cothrom le dáta le déanaí agus tá athruithe eile, go háirithe maidir le custam agus cosaint an chomhshaoil, á gcaibidliú faoi láthair.

**Díoltóirí táirgí** ó thíortha nach Ballstáit den Aontas iad a sheolann a gcuid táirgí go díreach chuig tomhaltóirí an Aontais, is gnách go mbíonn siad freagrach as dlíthiúlacht na dtáirgí a thráchtálann siad san Aontas a áirithiú. Ní mór dóibh sin, mar shampla, an rialachán maidir le sábháilteacht táirgí, na rialacha maidir le cosaint tomhaltóirí agus aon oibleagáid eile atá bunaithe ar dhlí an Aontais nó ar an dlí náisiúnta a chomhlíonadh. I gcás fhormhór na dtáirgí tomhaltais, ceanglaítear ar dhíoltóirí freisin oibreoir eacnamaíoch freagrach a bheith acu san Aontas, rud a fhágann go mbíonn sé níos éasca reachtaíocht an Aontais a fhorfheidhmiú[8].

Ní mór do gach díoltóir ceanglais freagrachta leathnaithe táirgeora (FLT) a chomhlíonadh freisin trí ranníocaíocht airgeadais a dhéanamh maidir le bainistiú a dtáirgí a luaithe a bheidh siad ina ndramhaíl. Áirítear leis sin trealamh leictreach agus leictreonach, ceallraí agus pacáistíocht. Le glacadh na Treorach Réime Dramhaíola leasaithe[9], ba cheart é sin a leathnú chun táirgí teicstíle, táirgí a bhaineann le teicstílí agus táirgí coisbhirt a chumhdach.

Tá **margaí ar líne**, bídís bunaithe san Aontas nó lasmuigh de, faoi dhliteanas mura gcomhlíonann siad a gcuid oibleagáidí sonracha mar idirghabhálaithe i ndíol earraí, go háirithe faoin nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha (GSD)[10], agus faoi dhlíthe eile chomh maith

[7] Leagtar amach in Airteagal 23 de Rialachán 1186/2009 tairseach EUR 150 le haghaidh dleachtanna custaim. Mhol an Coimisiún athbhreithniú ar na rialacha sin – féach *infra,* lch. 6 agus Athchóiriú Custaim an Aontais - An Coimisiún Eorpach

[8] Foilseoidh an Coimisiún tuarascáil go luath ina scrúdófar cur chun feidhme an cheanglais maidir le hoibreoir eacnamaíoch freagrach a bheith san Aontas le haghaidh táirgí áirithe, i gcomhréir le hAirteagal 4 de Rialachán (AE) 2019/1020

[9] Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2008/98/CE maidir le dramhaíl COM(2023) 420 final

[10] Féach tuilleadh sonraí maidir leis na hoibleagáidí le haghaidh margaí ar líne i Roinn 2.3.1

amhail an Rialachán maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí[11] a mhéid a bhaineann le táirgí neamhshábháilte, an Treoir maidir le hÉicidhearthóireacht[12], an Rialachán maidir le lipéadú fuinnimh[13][14], an Rialachán maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán[15], an Rialachán maidir le Faireachas Margaidh[16], agus mura gcomhlíonann siad rialacha cosanta tomhaltóirí an Aontais aon uair a dhíríonn siad ar thomhaltóirí an Aontais. Ní mór do na hardáin is mó, a ainmnítear mar 'gheatóirí'[17] faoin nGníomh um Margaí Digiteacha, sraith 'rudaí is ceart agus nach ceart a dhéanamh' a chomhlíonadh freisin maidir leis an gcaoi a n-iompraíonn siad iad féin sa mhargadh[18].

Faoi choinníollacha áirithe, is féidir margaí a chur faoi dhliteanas freisin as táirgí neamhchomhlíontacha nó contúirteacha a dhíol. Tá siad díolmhaithe ó dhliteanas as iompar neamhdhleathach na ndíoltóirí, ach faoi réir coinníollacha áirithe - mura bhfuil siad ar an eolas faoi neamhdhleathacht an ábhair a óstálann siad nó, tar éis an t-eolas iarbhír sin a fháil, má ghníomhaíonn siad go gasta chun an táirge a bhaint. In aon chás, ní bhíonn feidhm ag an díolúine coinníollach ó dhliteanas ach amháin nuair a dhéanann an margadh idirghabháil i ndíol táirge, rud nach amhlaidh, mar shampla, nuair a ghníomhaíonn an díoltóir faoi rialú nó údarás an mhargaidh. Is féidir a mheas go bhfuil margaí faoi dhliteanas freisin i leith sáruithe ar an dlí maidir le cosaint tomhaltóirí nuair a chuireann siad tairiscintí na ndíoltóirí i láthair ar bhealach a d'fhéadfadh a thabhairt ar thomhaltóir a chreidiúint go bhfuil an táirge á thairiscint ag an margadh féin.

## 2. TÁ AN tAONTAS GO MAITH IN ANN DUL I nGLEIC LEIS AN DÚSHLÁN ACH TÁ CUR CHUIGE IOMLÁNAÍOCH DEA-CHOMHORDAITHE AG TEASTÁIL

Is maith atá an Eoraip in ann dul i ngleic leis na dúshláin a eascraíonn as allmhairí ríomhthráchtála a sheoltar go díreach chuig tomhaltóirí. Ach ní mór níos mó a dhéanamh chun a áirithiú go gcuirfear rialacha an Aontais i bhfeidhm i gceart, agus chun a áirithiú chomh maith go mbeidh an córas forfheidhmiúcháin éifeachtach agus athléimneach, agus nach mbeidh sé faoi léigear ag líon na n-earraí ar luach íseal a dhíoltar ar líne agus a phlúchann an margadh.

Leis an Teachtaireacht seo, cuireann an Coimisiún **cur chuige iomlánaíoch chun cinn chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí agus ar an saobhadh a chruthaíonn an líon mór táirgí den sórt sin a allmhairítear**. Ní mór an cur chuige sin a bheith **cuimsitheach** agus **sraith gníomhaíochtaí dea-chomhordaithe a bheith san áireamh ann, lena dtugtar le chéile, go háirithe, na hinstitiúidí Eorpacha, na Ballstáit agus na húdaráis inniúla náisiúnta uile**.

---

[11] Rialachán (AE) 2023/988 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 maidir le sábháilteacht ghinearálta táirgí

[12] Treoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear creat chun ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh táirgí a bhaineann le fuinneamh a shocrú

[13] Rialachán (AE) 2017/1369 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2017 lena leagtar amach creat i gcomhair lipéadú fuinnimh agus lena n□aisghairtear Treoir 2010/30/AE

[14] Rialachán (AE) 2024/1781 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena mbunaítear creat chun ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh táirgí inbhuanaithe a shocrú, lena leasaítear Treoir (AE) 2020/1828 agus Rialachán (AE) 2023/1542 agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/125/CE

[15] Rialachán (AE) 2024/2865 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2024 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán

[16] Rialachán (AE) 2019/1020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le faireachas margaidh ar tháirgí agus comhlíonadh táirgí agus lena leasaítear Treoir 2004/42/CE agus Rialacháin (CE) Uimh. 765/2008 agus (AE) Uimh. 305/2011

[17] Geatóirí arna n-ainmniú faoin nGníomh um Margaí Digiteacha

[18] Féach tuilleadh sonraí i Roinn 2.3.4

**Ar an gcéad dul síos, molann an Coimisiún sraith athruithe struchtúracha ar an gcreat rialála, agus béim ar leith á leagan ar an athchóiriú custaim agus ar bhearta chun an comhshaol a chosaint**. Agus é ag iarraidh go dtacódh an comhreachtóir le glacadh práinneach an togra maidir le hathchóiriú custaim, tá machnamh á thionscnamh ag an gCoimisiún leis seo maidir le conas na bearta atá beartaithe a neartú a thuilleadh le tacaíocht bhreise do na húdaráis chustaim, mar shampla trí tháille láimhseála neamh-idirdhealaitheach nua d'earraí a allmhairítear isteach san Aontas go díreach chuig tomhaltóirí. **(Roinn 2.1.1) Maidir le cosaint an chomhshaoil**, tacóidh an Coimisiún le cur i bhfeidhm céimneach an Rialacháin maidir leis an Éicidhearthóireacht le haghaidh Táirgí Inbhuanaithe agus le cur i bhfeidhm éifeachtach na rialacha atá ann cheana maidir le freagracht leathnaithe táirgeora. Iarrann an Coimisiún ar an gcomhreachtóir an t-athbhreithniú spriocdhírithe ar an Treoir Réime Dramhaíola a ghlacadh agus molfaidh sé tuilleadh reachtaíochta, go háirithe tríd an nGníomh um an nGeilleagar Ciorclach. **(Roinn 2.1.2)**

Ansin, leagann an Coimisiún béim ar **an ardtosaíocht a bhaineann le gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin comhordaithe** in aghaidh an bhorrtha faoi tháirgí contúirteacha nó góchumtha nó atá neamhchomhlíontach ar bhealach eile a dhíoltar ar líne agus a allmhairítear isteach san Aontas. Chuige sin, ní mór leas iomlán a bhaint as creat rialála uaillmhianach an Aontais agus ní mór é a chomhordú go maith i measc na n-údarás custaim, na n-údarás um fhaireachas margaidh agus na n-údarás inniúil náisiúnta eile. Chuir an Coimisiún **céimeanna sonracha chun cinn chun comhar éifeachtach agus gníomhaíochtaí spriocdhírithe a áirithiú**. **(Roinn 2.2)**

Thairis sin, tá an creat rialála is láidre ar domhan ag an Eoraip maidir leis **an gcaoi a gcuirtear táirgí i láthair tomhaltóirí ar líne agus maidir le freagrachtaí soiléire a leagan síos do mhargaí ar líne**. Mar a cuireadh i dtábhacht go láidir i dTreoirlínte Polaitiúla an Uachtaráin[19], tá luas, comhleanúnachas agus simpliú ríthábhachtach, go háirithe chun cothrom iomaíochta a chruthú do chuideachtaí beaga agus chun ualach rialála comhréireach a choinneáil ar bun. **Díreoidh an Coimisiún ar fhorfheidhmiú láidir agus ar chomhlántacht na rialacha digiteacha**, le tacaíocht ó ghníomhaíochtaí dea-chomhordaithe ar fud na n-údarás inniúil uile. **(Roinn 2.3)**

Ina theannta sin, is féidir le h**uirlisí digiteacha a bheith ina bpríomhchumasóirí** chun cuspóirí na Teachtaireachta seo a bhaint amach. D'fhógair an Coimisiún bearta chun tacú le bosca uirlisí maoirseachta nua-aimseartha athléimneach, go háirithe trí úsáid a bhaint **as an bPas Táirge Digiteach, as uirlisí IS lena mbraitear earraí neamhdhleathacha agus as bunachair sonraí chomhroinnte**. **(Roinn 2.4)**

Thar aon ní eile, tá sé ríthábhachtach feasacht a mhúscailt agus iarrachtaí a dhéanamh maidir le hoideachas chun tomhaltóirí, lena n-áirítear mionaoisigh, a chumhachtú agus a chosaint agus chun cuidiú le gnólachtaí dlisteanacha táirgí comhlíontacha a thairiscint san Aontas. **(Roinn 2.5)**

Ar deireadh, ní mór **idirphlé le comhpháirtithe idirnáisiúnta** agus le tríú tíortha as a dtagann táirgí allmhairithe a bheith ag gabháil leis na bearta sin. Thairis sin, leanfaidh an Coimisiún **d'fhaireachán a dhéanamh ar chleachtais trádála** tríú tíortha agus leanfaidh sé de bheith ar an airdeall maidir le cleachtais éagóracha trádála. **(Roinn 2.6)**

[19] https://commission.europa.eu/about/commission-2024-2029_ga

## 2.1. Athchóirithe struchtúracha chun srian a chur le hallmhairiú táirgí neamhchomhlíontacha agus chun an comhshaol a chosaint

### *2.1.1. An pacáiste um athchóiriú custaim*

Níl acmhainneacht láimhseála mhéadaithe ag an teorainn ann chun an méadú géar ar allmhairí ríomhthráchtála a sheoltar go díreach chuig tomhaltóirí san Aontas, a bhíonn ina n-allmhaireoirí chun críocha custaim, a mheaitseáil. In 2024 ní raibh ach na húdaráis i sé Bhallstát[20] freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar 89 % d'earraí a allmhairíodh go díreach agus a díoladh ar líne. Cé gurb iad na húdaráis chustaim an chéad líne chosanta ag an teorainn in aghaidh allmhairiú táirgí neamhchomhlíontacha agus táirgí a d'fhéadfadh a bheith contúirteach, bíonn siad ag streachailt leis an líon ollmhór allmhairí ríomhthráchtála, a bhíonn freagrach as os cionn 97 % de na dearbhuithe allmhairiúcháin custaim uile cheana féin[21]. Tá sé ag éirí soiléir nach bhfuil na próisis agus na huirlisí custaim atá ann faoi láthair oiriúnach dá bhfeidhm a thuilleadh agus nach leor na hacmhainní atá ar fáil chun déileáil go héifeachtach leis an líon mór beartán a ghineann sreafaí ríomhthráchtála.

I mí na Bealtaine 2023 mhol an Coimisiún pacáiste uaillmhianach um athchóiriú custaim[22], lena n-áirítear (i) Cód Custaim nua de chuid an Aontais, (ii) togra[23] chun deireadh a chur leis an díolúine EUR 150 ó dhleacht le haghaidh allmhairí agus cóireáil taraife shimplithe a thabhairt isteach le haghaidh coinsíneachtaí ar luach íseal, agus (iii) togra CBL[24] chun raon feidhme an 'Ionaid Ilfhreastail Allmhairiúcháin' a leathnú chun na hearraí uile a chumhdach gan beann ar a luach.

**Is é is aidhm do na tograí feabhas struchtúrach a chur ar chumas lucht custaim an Aontais maoirseacht agus rialú a dhéanamh ar shreabhadh na n-earraí a thagann isteach san Aontas Custaim agus a théann amach as, ag tosú le táirgí a dhíoltar ar líne agus a sheoltar go díreach chuig tomhaltóirí.** Thacódh **Údarás Custaim nua de chuid an Aontais** le húdaráis chustaim náisiúnta, ar údarás é a d'oibreodh **Mol Sonraí Custaim de chuid an Aontais**.

Sholáthródh Mol Sonraí Custaim an Aontais timpeallacht leictreonach de chuid an Aontais d'oibreoirí chun tuairisciú d'údaráis chustaim, agus dhéanfadh sé sonraí ó údaráis eile a chomhtháthú. Chumasódh sé cumas bainistithe riosca ar leibhéal an Aontais. Údarás Custaim an Aontais, bheadh sé in ann scagadh a dhéanamh ar na hearraí bunaithe ar an bhfaisnéis sin, rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint fiú sula lódáiltear na hearraí lena n-iompar nó sula dtagann siad isteach san Aontas go fisiceach agus moltaí rialaithe a dhéanamh do na Ballstáit. Cuirfidh sé sin ar a gcumas do na húdaráis chustaim forléargas iomlán a bheith acu ar na slabhraí soláthair, agus coinne a bheith acu le rialuithe ar allmhairí agus onnmhairí. Mar thoradh air sin, beidh forfheidhmiú na comhlíontachta le ceanglais maidir le táirgí níos spriocdhírithe agus níos éifeachtaí. Le Mol Sonraí Custaim an Aontais, beifear in ann comhar feabhsaithe a dhéanamh le húdaráis eile trí mhalartú sonraí agus, ar an gcaoi sin, éascófar rialuithe comhordaithe.

---

[20] An Ísiltír, an Bheilg, an Fhrainc, an Ungáir, an Iodáil agus an Ghearmáin; Foinse: Sonraí faireachais AE

[21] Foinse: Sonraí faireachais AE

[22] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Cód Custaim an Aontais agus Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 COM(2023) 258 final

[23] Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 a mhéid a bhaineann le cóireáil shimplithe taraife le haghaidh ciandíol earraí agus Rialachán (CE) Uimh. 1186/2009 a mhéid a bhaineann le díchur na tairsí faoisimh ó dhleacht chustaim

[24] Togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2006/112/CE a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le CBL a bhaineann le daoine inchánacha a éascaíonn ciandíol earraí allmhairithe

**Leis na tograí, dhéanfaí na rialacha maidir le CBL agus custam a ailíniú** agus shuífí go mbeidh margaí agus díoltóirí ar líne atá cláraithe san Ionad Ilfhreastail Allmhairiúcháin ina 'n-allmhaireoirí measta' agus go mbaileoidh siad an dleacht agus an CBL ábhartha, go n-áiritheoidh siad go gcomhlíonfaidh earraí a thagann isteach sa chríoch chustaim ceanglais eile de chuid an Aontais agus go soláthrófar na sonraí ina dteannta do na húdaráis chustaim tráth an díola, sula dtiocfaidh na hearraí go teorainn an Aontais. In 2024 bhí sealbhóirí Ionaid Ilfhreastail Allmhairiúcháin freagrach as 92 % d'allmhairí earraí ar luach suas le EUR 150. Ina theannta sin, thuairisceodh sealbhóirí Ionaid Ilfhreastail Allmhairiúcháin a ndíolacháin uile san Aontas do Mhol Sonraí Custaim an Aontais agus dhéanfadh a mBallstát clárúcháin (seachas na 27 mBallstát cinn scríbe ionchasacha) maoirseacht orthu, chun críoch CBL agus custaim araon.

**Iarrann an Coimisiún ar an gcomhreachtóir an togra maidir le hAthchóiriú Custaim a ghlacadh go pras**, agus tá sé réidh le hoibriú leis an gcomhreachtóir chun bearta breise a fhiosrú chun **aghaidh a thabhairt ar bhealach níos fearr ar líon ollmhór na gcoinsíneachtaí beaga agus tacú le húdaráis chustaim**.

**Ar an gcéad dul síos, tá an Coimisiún toilteanach ar mhachnamh a dhéanamh leis na comhreachtóirí ar tháille láimhseála neamh-idirdhealaitheach a thabhairt isteach ar earraí ríomhthráchtála** a allmhairítear isteach san Aontas go díreach chuig tomhaltóirí, **chun aghaidh a thabhairt ar na costais scálúcháin a bhaineann le maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh rialacha an Aontais ag coinsíneachtaí den sórt sin**. Le táille láimhseála den sórt sin, ba cheart go bhféadfadh mórsheachtracht a bheith ann le haghaidh na samhla gnó nua sin, i.e. an gá atá le cur chuige difriúil treisithe chun comhlíontacht méideanna ollmhóra beartán aonair a áirithiú, ar cur chuige é a bheidh le hinmheánú ag na miondíoltóirí agus ag na hidirghabhálaithe a bhaineann tairbhe as. Dá bhrí sin, ba cheart don allmhaireoir táille láimhseála den sórt sin a thabhú, i.e. an miondíoltóir nó an t-idirghabhálaí ar líne, agus níor cheart do thomhaltóirí ag pointe seachadta an phacáiste allmhairithe é a thabhú.

Ina theannta sin, ba cheart **na ceachtanna a foghlaimíodh ó na rioscaí** a sainaithníodh sa réimse rialaithe tosaíochta[25] a mheas, chomh maith lena mheas an bhféadfadh **Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh** tacú le rialuithe custaim níos éifeachtúla, i gcomhréir lena mhisean ó thaobh tacaíocht oibríochtúil d'údaráis chustaim na mBallstát de. Chuige sin, beidh ar Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh a bheith feistithe go leordhóthanach ó thaobh acmhainneacht oibríochtúil de chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais ríomhthráchtála, chun cur le comhlíontacht na n-earraí a allmhairítear tríd an ríomhthráchtáil.

I bhfianaise an mhéadaithe ollmhóir ar mhéideanna in achar gearr ama, a bhíonn ag fás i gcónaí agus nach léiríonn aon chomhartha go dtiocfaidh deireadh leis sin, tá an Coimisiún réidh chun oibriú leis na comhreachtóirí chun an t-athchóiriú custaim a 'thúsualú' go 2026, lena n-áirítear ullmhú bhunú Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh agus na hullmhúcháin le haghaidh Mhol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh, agus aird chuí á tabhairt ar theorainneacha airgeadais an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil atá ann faoi láthair.

*2.1.2. Rialacha soiléire agus cleachtais fhreagracha chun an comhshaol a chosaint*

**Is gá freisin go gcuirfidh an tAontas dlús lena chuid iarrachtaí laghdú a dhéanamh ar an tionchar ar an aeráid agus ar an gcomhshaol a bhíonn ag allmhairí táirgí ar luach íseal a sheoltar go díreach chuig tomhaltóirí.**

[25] Féach roinn 2.2.1

Le ceanglais éicidhearthóireachta agus lipéadaithe fuinnimh an Aontais, spreagtar monaróirí le táirgí níos éifeachtúla a chruthú agus a chur ar fáil, lena chur ar a gcumas do thomhaltóirí roghanna eolasacha a dhéanamh agus le rannchuidiú le tomhaltas agus astaíochtaí fuinnimh foriomlána a laghdú. Meastar go gcailltear níos mó ná EUR 10 mbilliún de shochair gach bliain mar gheall ar neamhchomhlíontacht[26].

Cuirfear ceanglais inbhuanaitheachta níos uaillmhianaí maidir le táirgí a chuirtear ar mhargadh an Aontais i bhfeidhm faoin Rialachán maidir leis an Éicidhearthóireacht le haghaidh Táirgí Inbhuanaithe[27]. Tá an chéad phlean oibre de chuid an Rialacháin maidir leis an Éicidhearthóireacht le haghaidh Táirgí Inbhuanaithe beartaithe do mhí Aibreáin 2025 agus cinnfear leis grúpaí táirgí tosaíochta chun ceanglais inbhuanaitheachta a ghlacadh, lena n-áirítear gnéithe a bhaineann le seachadadh inbhuanaithe agus le roghanna iompair maidir le táirgí a chur ar ais. Ina dhiaidh sin, i mí Iúil 2025, beidh rialacha ann maidir le táirgí tomhaltais gan díol a dhíothú, lena n-áirítear rialacha maidir le toirmeasc a chur ar dhíothú teicstílí agus coisbheart gan díol. Beidh teicstílí i measc na chéad ghrúpaí táirgí a dtabharfar aghaidh orthu faoi ghníomh tarmligthe.

Áirítear ceanglais maidir le freagracht leathnaithe táirgeora sa Rialachán maidir le pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht[28], sa Rialachán maidir le ceallraí agus ceallraí dramhaíola[29] agus sa Treoir maidir le dramhthrealamh leictreach agus leictreonach[30], agus sa Rialachán maidir le gáis ceaptha teasa fhluairínithe[31]. **Iarrann an Coimisiún ar an gcomhreachtóir an t-athbhreithniú spriocdhírithe ar an Treoir Réime Dramhaíola a ghlacadh go pras**, lena dtugtar isteach go háirithe ceanglais FLT maidir le teicstílí agus coisbheart.

Leis an athbhreithniú spriocdhírithe ar an Treoir Réime Dramhaíola, in éineacht leis an ngníomh tarmligthe atá ar na bacáin faoin Rialachán maidir leis an Éicidhearthóireacht le haghaidh Táirgí Inbhuanaithe i dtaobh critéir inbhuanaitheachta le haghaidh teicstílí, leagfar síos na gnéithe is gá i gcomhair éiceamhodhnú na ranníocaíochtaí airgeadais ó na daoine sin a chuireann teicstílí ar an margadh le scéimeanna FLT: dá airde í an inbhuanaitheacht, is ea is ísle a bheidh na táillí. Bheadh gníomhaithe ríomhthráchtála lasmuigh den Aontas agus laistigh de faoi réir na rialacha céanna, le cothrom iomaíochta agus na dreasachtaí céanna chun táirgí níos inbhuanaithe a chur ar mhargadh an Aontais.

**Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún Gníomh um an nGeilleagar Ciorclach a mholadh** agus fiosróidh sé sa chomhthéacs sin roghanna chun réitigh FLT a fhorbairt a thuilleadh, lena n-áirítear ionad ilfhreastail chun táirgeoirí a chlárú, rialacha an Aontais a chomhchuibhiú a thuilleadh, agus scéimeanna FLT a leathnú chuig catagóirí táirgí eile. Agus é ag obair i dtreo

---

[26] Féach, e.g. Cúirt Iniúchóirí na hEorpa 2020/1, An tuarascáil speisialta ar [ghníomhaíocht an Aontais maidir le hÉicidhearthóireacht agus Lipéadú Fuinnimh: rannchuidiú tábhachtach le héifeachtúlacht fuinnimh níos fearr, rud atá laghdaithe mar gheall ar mhoilleanna móra agus neamhchomhlíontacht]

[27] Rialachán (AE) 2024/1781 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena mbunaítear creat chun ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh táirgí inbhuanaithe a shocrú, lena leasaítear Treoir (AE) 2020/1828 agus Rialachán (AE) 2023/1542 agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/125/CE

[28] Rialachán (AE) 2025/40 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Nollaig 2024 maidir le pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht

[29] Rialachán (AE) 2023/1542 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2023 maidir le ceallraí agus ceallraí dramhaíola

[30] Treoir 2012/19/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le dramhthrealamh leictreach agus leictreonach

[31] Rialachán (AE) 2024/573 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Feabhra 2024 maidir le gáis ceaptha teasa fhluairínithe, lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 517/2014

an togra le haghaidh Gníomh um an nGeilleagar Ciorclach, tabharfaidh an Coimisiún aird ar leith ar bhearta le haghaidh forfheidhmiú éifeachtach ar an láthair.

Ba cheart na ceanglais is infheidhme maidir le táirgí, pacáistíocht agus bainistiú dramhaíola a fhorfheidhmiú go héifeachtach freisin nuair a chuirtear earraí ar an margadh tríd an ríomhthráchtáil. Chuige sin, tá gá le **líonra láidir forfheidhmitheoirí comhshaoil** ar fud an Aontais, lena n-áirítear cigirí agus póilíní. Ba cheart dlús a chur leis na hiarrachtaí forfheidhmiúcháin agus leis an gcomhar i measc lucht forfheidhmithe na hEorpa.

Féachfaidh an Coimisiún ar bhealaí chun a áirithiú go gcuirfear an toirmeasc ar dhíothú táirgí áirithe tomhaltais agus na hoibleagáidí trédhearcachta gaolmhara maidir le ríomhthráchtáil i bhfeidhm go héifeachtach, lena n-áirítear a gcur i bhfeidhm ag ardáin tríú tír. Tacóidh sé freisin leis na Ballstáit agus le hoibreoirí eacnamaíocha chun a áirithiú nach ndéanfar earraí góchumtha a dhiúscairt ach amháin mar rogha dheireanach, agus díreofar ina ionad sin ar iad a ullmhú le haghaidh athúsáide nó athchúrsála[32].

**Maidir leis an gCoimisiún:**

- Iarrann sé ar an gcomhreachtóir an togra maidir le hAthchóiriú Custaim a ghlacadh go pras, agus tá sé réidh le hoibriú leis an gcomhreachtóir chun bearta breise a fhiosrú chun cuidiú le haghaidh a thabhairt ar na costais a bhaineann le maoirseacht a dhéanamh ar mhéideanna ollmhóra coinsíneachtaí beaga, go háirithe trí tháille láimhseála neamh-idirdhealaitheach nua ar earraí ríomhthráchtála.
- Tá sé beartaithe aige an chéad phlean gníomhaíochta a ghlacadh faoin Rialachán maidir leis an Éicidhearthóireacht le haghaidh Táirgí Inbhuanaithe faoi mhí Aibreáin 2025.
- Iarrann sé ar an gcomhreachtóir an leasú spriocdhírithe ar an Treoir Réime Dramhaíola a ghlacadh go pras. Oibreoidh an Coimisiún i ndlúthchomhar leis na Ballstáit chun an Treoir seo, an Treoir maidir le Plaistigh Aon Úsáide, an Treoir maidir le Dramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach, an Rialachán maidir le hÉicidhearthóireacht le haghaidh Táirgí Inbhuanaithe, an Rialachán maidir le Pacáistíocht agus Dramhaíl ó Phacáistíocht agus an Rialachán maidir le Ceallraí a fhorfheidhmiú ar bhealach níos éifeachtaí i leith miondíoltóirí ríomhthráchtála tríú tír.
- Tá sé beartaithe aige Gníomh um an nGeilleagar Ciorclach a mholadh lena bhfiosrófar conas Freagracht Leathnaithe Táirgeora a fhorbairt a thuilleadh agus forfheidhmiú a neartú.

## 2.2. Bearta spriocdhírithe: rialuithe comhordaithe méadaithe ar earraí allmhairithe

Mar thosaíocht phráinneach, tacóidh an Coimisiún le sraith gníomhaíochtaí spriocdhírithe lena ndéanfar cumais na n-údarás éagsúil a ghiaráil i bhforfheidhmiú comhordaithe rialacha ábhartha uile an Aontais, rud as a dtiocfaidh torthaí láithreacha, chomh maith le tuilleadh bailithe fianaise agus iarrachtaí leanúnacha chun comhlíontacht fhadtéarmach a áirithiú.

### *2.2.1. Réimse Rialaithe Tosaíochta Custaim le haghaidh torthaí gearrthéarmacha agus gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin comhordaithe*

**Comhordóidh an Coimisiún rialuithe custaim faoi réimse rialaithe tosaíochta[33] dírithe ar tháirgí tríú tír lena mbaineann guaiseacha móra sábháilteachta agus riosca**

[32] Moladh (AE) 2024/915 ón gCoimisiún an 19 Márta 2024 maidir le bearta chun dul i ngleic le góchumadh agus chun forfheidhmiú ceart maoine intleachtúla a fheabhsú

[33] Mar a fhoráiltear in Airteagal 46(3) de Chód Custaim an Aontais

**neamhchomhlíontachta a cheannaítear trí mhargaí ar líne agus a sheoltar go díreach chuig tomhaltóirí san Aontas**[34].

Faoin ngníomhaíocht sin a bhfuil teorainn ama léi, cuirfidh údaráis chustaim, i gcomhar le húdaráis faireachais margaidh agus údaráis inniúla eile, dlús leis na rialuithe ar allmhairiú na dtáirgí sin chun measúnú a dhéanamh ar a sábháilteacht agus ar a gcomhréireacht le reachtaíocht an mhargaidh inmheánaigh, chun gáinneáil a d'fhéadfadh a bheith ann ar earraí aindleathacha agus contúirteacha a bhrath, agus malartóidh siad faisnéis maidir leis an neamhchomhlíontacht.

Is é an cuspóir láithreach aghaidh a thabhairt ar an easpa comhlíontachta agus a áirithiú nach gcuirfear na táirgí contúirteacha agus neamhchomhlíontacha sin ar an margadh, chomh maith le heagraíochtaí coiriúla a dhíspreagadh ó úsáid a bhaint as an ríomhthráchtáil mar bhealach gáinneála. Leis an ngníomhaíocht ba cheart tuilleadh fianaise a bhailiú maidir leis na táirgí neamhchomhlíontacha agus na hoibreoirí lena mbaineann. Ba cheart é a bheith mar thoradh láithreach ar an ngníomhaíocht go dtabharfaí aghaidh ar an easpa comhlíontachta agus go n-áiritheofaí nach gcuirfí na táirgí contúirteacha agus neamhchomhlíontacha sin ar an margadh.

Beidh an tiomantas agus an comhordú idir na húdaráis ina bpríomhthosca chun go n-éireoidh leis an réimse rialaithe tosaíochta. Díreoidh na húdaráis chustaim ar scaoileadh na gcoinsíneachtaí ábhartha agus cuirfidh siad ar fionraí iad. Cinnfidh na húdaráis um fhaireachas margaidh, mar shaineolaithe ina réimsí táirgí ar leith, agus, i gcás inar gá, in éineacht le húdaráis speisialaithe eile, cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann na táirgí rialaithe an reachtaíocht ábhartha uile. Caithfear na huirlisí agus na córais uile atá ann cheana a úsáid ar bhealach comhordaithe chun coinsíneachtaí a roghnú, cásanna a phróiseáil, neamhchomhlíontacht a chinneadh agus measúnuithe a dhéanamh ina dhiaidh sin[35]. Ar bhonn na hanailíse riosca ó na torthaí sin, treiseofar rialuithe amach anseo **le haghaidh oibreoirí, earraí nó sreafaí trádála áirithe**, de réir mar is iomchuí, ar bhonn rollach. Dá airde é an ráta neamhchomhlíontachta, is ea is mó ba cheart an leibhéal forairdill a bheith sna céimeanna ina dhiaidh sin, chun feabhas a chur ar fhorfheidhmiú agus díspreagadh, agus ar an gcaoi sin cur le cothrom iomaíochta le haghaidh gnólachtaí a thabhaíonn na costais chomhlíontachta.

I gcás inar mhainnigh an t-oibreoir eacnamaíoch i ngníomhaíocht cheartaitheach iomchuí chomhréireach a dhéanamh chun deireadh a chur leis an neamhchomhlíontacht agus inar cosúil go bhfuil an neamhchomhlíontacht córasach, iarrtar ar na húdaráis um fhaireachas margaidh leas a bhaint as na modhanna ceartaitheacha atá ar fáil faoin Rialachán maidir le Faireachas Margaidh, lena n-áirítear táirgí a tharraingt siar agus a aisghairm, an toirmeasc ar iad a chur ar fáil ar an margadh, chomh maith le pionóis a fhorchur lena léirítear cineál córasach na neamhchomhlíontachta freisin[36].

Thacódh an Grúpa Saineolaithe um Chustam[37] leis an ngníomhaíocht sin de chuid an réimse rialaithe tosaíochta, i ndlúthchomhar leis na húdaráis inniúla um fhaireachas margaidh agus leis an bhfoireann saineolaithe nua i gComhghuaillíocht Chustaim an Aontais um Theorainneacha.

---

[34] Cinnfear liosta beacht na dtáirgí i gcomhaontú leis na Ballstáit.

[35] E.g. Córas Bainistithe Riosca Custaim, an Córas Rialaithe Allmhairí, Safety Gate an Aontais, an Córas Faisnéise agus Cumarsáide maidir le Faireachas Margaidh, an córas ríomhairithe dá dtagraítear in Airteagal 133(4) de Rialachán (AE) 2017/625 (TRACES) agus an Córas Mear-Rabhaidh um Bia don Duine agus d'Ainmhithe.

[36] Féach Airteagail 16, 19 agus 41 de Rialachán 2019/2020 maidir le faireachas margaidh.

[37] An Grúpa Saineolaithe um Chustam – an Rannóg um Rialuithe agus Bainistiú Riosca, atá comhdhéanta de shaineolaithe um bainistiú riosca ó na Ballstáit, a thagann le chéile in éineacht le rannpháirtíocht na nÚdarás um Fhaireachas Margaidh.

Ag an am céanna, leanfar de ghníomhaíochtaí amhail na gníomhaíochtaí sin de chuid na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise chun patrúin chalaoise sa ríomhthráchtáil a chomhrac, amhail mí-úsáid rialacha a bhaineann leis an Ionad Ilfhreastail Allmhairiúcháin.

**Sa mheántéarma**, ba cheart na fíorais agus an fhianaise a bhailítear faoin réimse rialaithe tosaíochta a roinnt ar fud tacar níos leithne údarás, agus tacú le gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin comhordaithe idir údaráis chustaim, faireachais margaidh, chomhshaoil, cosanta tomhaltóirí agus seirbhísí digiteacha. Go sonrach, d'fhéadfadh an réimse rialaithe tosaíochta tacú le forfheidhmiú an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha agus le gníomhaíochtaí de chuid an Líonra um Shábháilteacht Tomhaltóirí.

Ba cheart torthaí ón réimse rialaithe tosaíochta a bheith ina mbonn eolais freisin faoin tríú Clár Oibre ilbhliantúil de chuid na hIonstraime um Threalamh Rialaithe Custaim[38] atá beartaithe a ghlacadh in 2025, lena n-áirítear glao tiomnaithe ar an ríomhthráchtáil ag a bhfuil buiséad EUR 100 milliún[39].

**Iarrann an Coimisiún ar na Ballstáit uile a bheith rannpháirteach sa réimse rialaithe tosaíochta agus foilseoidh sé tuarascáil phoiblí maidir leis na ceachtanna a foghlaimíodh agus na torthaí.**

*2.2.2. Gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin comhpháirteacha maidir le sábháilteacht táirgí, góchumadh a chomhrac agus feabhas a chur ar shlándáil*

Leis an Rialachán maidir le Faireachas Margaidh agus leis an Rialachán maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí, tugtar na cumhachtaí forfheidhmiúcháin is gá do na húdaráis um fhaireachas margaidh sna Ballstáit, lena n-áirítear cumhachtaí i ndáil le táirgí a dhíoltar ar líne. Is féidir leo, mar shampla, orduithe baint anuas a eisiúint chun táirgí contúirteacha nó neamhchomhlíontacha a bhaint ó shiopaí ar líne agus ó mhargaí ar líne. Ní mór táirgí a imscrúdaítear agus na bearta gaolmhara a chur in iúl sa Chóras Faisnéise agus Cumarsáide maidir le Faireachas Margaidh agus tabharfaidh na Ballstáit fógra do Safety Gate an Aontais[40], an córas mear-rabhaidh do tháirgí neamhbhia contúirteacha arna bhainistiú ag an gCoimisiún, faoi bhearta a dhéantar maidir le táirgí neamhshábháilte.

Tar éis don Choimisiún foghlaim ón gcéad taithí a fuarthas ar an réimse rialaithe tosaíochta, seolfaidh sé**Gníomhaíocht Chomhordaithe speisialta maidir le Sábháilteacht Táirgí**, a bheidh oscailte do na Ballstáit uile, chun feabhas a chur ar an g**comhar struchtúrach idir na húdaráis chustaim agus na húdaráis um fhaireachas margaidh** maidir le táirgí nó catagóirí táirgí a dhíoltar ar líne, chun measúnú a dhéanamh go comhpháirteach ar na rioscaí agus chun na bearta ceartaitheacha iomchuí a shainaithint. Ina theannta sin, molfaidh an Coimisiún in 2025 faoi chuimsiú an Líonra um Shábháilteacht Tomhaltóirí **gníomhaíochtaí comhpháirteacha tástála táirgí** a dhéanamh ar an Líonra um Shábháilteacht Tomhaltóirí, rud a chuirfeadh ar a gcumas do na húdaráis um fhaireachas margaidh táirgí a shampláil ar líne freisin, faoi chéannacht cheilte. **Iarrann an Coimisiún ar na Ballstáit a áirithiú go mbeidh siad rannpháirteach go gníomhach sna gníomhaíochtaí sin.**

---

[38] Leithdháil an Coimisiún níos mó ná EUR 550 milliún cheana féin mar chuid den chéad dá Chlár Oibre Ilbhliantúla (2021-2022 agus 2023-2024 faoi seach) ar Phointí Trasnaithe Teorann agus ar Shaotharlanna Custaim. Agus níos mó ná EUR 440 milliún fós ar fáil faoin CAI atá ann faoi láthair, leanfaidh an clár de thacú leis an ríomhthráchtáil agus de thosaíocht a thabhairt di. Chun rialuithe den sórt sin a neartú a thuilleadh, leagfar béim freisin ar an idir-inoibritheacht (malartú faisnéise) agus ar chomhroinnt trealaimh le húdaráis eile (go háirithe leis na hÚdaráis um Fhaireachas Margaidh).

[39] Leis an imchlúdach tá sé beartaithe rialú ríomhthráchtála ag údaráis chustaim an Aontais a chistiú, ach tá trealamh a úsáideann údaráis chustaim agus faireachais margaidh nó údaráis sláinte go comhpháirteach incháilithe freisin.

[40] https://ec.europa.eu/safety-gate/#/screen/home

Sa dara ráithe de 2025, déanfaidh **an Líonra um Shábháilteacht Tomhaltóirí** a chéad scuab-imscrúdú ar shábháilteacht táirgí[41] chun comhlíontacht liostaí táirgí sna catagóirí táirgí is minice a ordaítear ar líne a sheiceáil agus a fhorfheidhmiú. Agus úsáid á baint as uirlis ríomhfhaireachais an Aontais arna soláthar ag an gCoimisiún, díreoidh na húdaráis ar iomláine na faisnéise sábháilteachta i liostú táirge, lena n-áirítear mionsonraí an duine atá freagrach as an Aontas, agus ar bhrath táirgí ar tugadh fógra fúthu cheana do Safety Gate an Aontais.

Tá an Coimisiún ag obair freisin chun **an Líonra Eorpach um Shaotharlanna Custaim**[42] a neartú, rud atá fíor-riachtanach chun tacú le hobair na n-údarás faireachais margaidh, sláinte agus custaim. Tá **Saoráidí Tástála de chuid an Aontais** á mbunú aige freisin faoin Rialachán maidir le Faireachas Margaidh chun feabhas a chur ar acmhainneacht tástála táirgí do na húdaráis um fhaireachas margaidh sna Ballstáit[43].

**I measc na ngníomhaíochtaí nua in aghaidh táirgí góchumtha agus táirgí aindleathacha eile, tá an Coimisiún ag tacú le hullmhúcháin don Ardán Eorpach Ildisciplíneach i gCoinne Bagairtí Coiriúla** le haghaidh 2026 go 2029. Ba cheart dó sin an comhordú idir údaráis forfheidhmiúcháin a ghiaráil, lena n-áirítear na póilíní, custam agus ionchúisitheoirí, chun dul i ngleic le táirgí díobhálacha, neamhchomhlíontacha agus aindleathacha a bhaineann le gníomhaíochtaí coiriúla. Ina theannta sin, leanann **an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise** d'imscrúdú a dhéanamh ar allmhairí calaoiseacha earraí góchumtha tríd an ríomhthráchtáil, ar earraí iad a dhéanann dochar do shláinte agus do shábháilteacht tomhaltóirí.

Tá an Coimisiún ag tacú freisin le nuálaíocht Eorpach (Cuibhreannais de nuálaithe, tionscal agus údaráis de chuid na hEorpa) chun teicneolaíochtaí nuálacha Eorpacha a fhorbairt ar mhaithe le slándáil na ríomhthráchtála[44].

**Maidir leis an gCoimisiún:**

- Molann sé réimse rialaithe tosaíochta maidir le hallmhairí ríomhthráchtála a sheoltar go díreach chuig tomhaltóirí, i gcomhar leis na húdaráis um fhaireachas margaidh, agus cuspóir meántéarmach chun cur i bhfeidhm comhordaithe tacar rialacha níos leithne, lena n-áirítear rialáil dhigiteach, a chothú. Iarrann an Coimisiún ar na Ballstáit a bheith rannpháirteach agus eiseoidh sé tuarascáil phoiblí maidir leis na ceachtanna a foghlaimíodh agus na torthaí.
- Tacaíonn sé le Gníomhaíocht Chomhordaithe nua maidir le Sábháilteacht Táirgí agus le gníomhaíochtaí comhpháirteacha faireachais margaidh eile atá dírithe ar shábháilteacht táirgí sa ríomhthráchtáil agus iarrann sé ar na Ballstáit a bheith rannpháirteach go gníomhach.
- Tugann sé aghaidh ar an gcomhrac in aghaidh na gáinneála ar earraí aindleathacha chomh maith le hearraí a sháraíonn an dlí a bhaineann leis an ngeilleagar ciorclach lena n-áirítear an ríomhthráchtáil, i gcomhréir le tosaíochtaí an chéad timthrialla eile de chuid an Ardáin

[41] Gníomhaíochtaí rialaithe comhordaithe comhuaineacha.

[42] Úsáid acmhainní daonna agus teicniúla a chuíchóiriú, a chomhordú agus a bharrfheabhsú i measc shaotharlanna custaim an Aontais, a dhéileálann den chuid is mó le drugaí aindleathacha agus támhshuanaigh, ach le bia agus deochanna, teicstílí nó earraí monaraithe eile, plaistigh agus ceimiceáin eile freisin.

[43] Ainmníodh saoráidí tástála de chuid an Aontais faoi Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2019/1020 i roinnt earnálacha táirgí, lena n-áirítear bréagáin, trealamh raidió agus lipéadú éicidhearthóireachta/fuinnimh.

[44] Áirítear leis sin na tionscadail taighde arna gcistiú ag an Aontas PARSEC (Slándáil Beart agus Litreacha le haghaidh Sreafaí Poist agus Mearchúiréarachta), iFLOWS (Ardteicneolaíochtaí chun ábhar aindleathach a scanadh agus a bhrath, a úsáidtear le haghaidh seirbhísí poist agus sreafaí mearchúiréireachta) agus ODYSSEUS.

Eorpaigh Ildisciplínigh i gCoinne Bagairtí Coiriúla.

### 2.3. Forfheidhmiú láidir ar reachtaíocht an Aontais lena gcosnaítear tomhaltóirí ar líne

Tá sraith chuimsitheach rialacha ag an Aontas, rialacha atá uathúil ar fud an domhain, chun tomhaltóirí a chosaint ar líne agus chun freagrachtaí an-soiléir a leagan amach do mhargaí ar líne. Is ardtosaíocht don Choimisiún é forfheidhmiú an *acquis* maidir le cosaint tomhaltóirí, chomh maith leis an nGníomh nua um Sheirbhísí Digiteacha agus an Gníomh um Margaí Digiteacha. Tá gníomhaíochtaí comhordaithe agus dlúthchomhar ríthábhachtach - ar fud na n-údarás, agus i measc na bpáirtithe leasmhara uile chomh maith, mar a léirítear in imscrúduithe a rinneadh le déanaí[45], chomh maith le creataí amhail bosca uirlisí an Aontais i gcoinne an ghóchumtha[46].

#### *2.3.1. Freagrachtaí margaí ar líne: an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha*

Leagtar síos leis an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha (GSD) rialacha uile-Aontais le haghaidh idirghabhálaithe ar líne, lena n-áirítear rialacha le haghaidh margaí ar líne a nascann díoltóirí le tomhaltóirí. Is é is aidhm do na rialacha a áirithiú nach féidir le trádálaithe táirgí a dhíol ach amháin ar mhargaí ar líne a chomhlíonann na ceanglais ábhartha maidir le sábháilteacht táirgí agus ceanglais eile.

Tá sé d'oibleagáid ar mhargaí ar líne cur i gcoinne earraí neamhdhleathacha a thairgtear trína seirbhís. Áirítear leis sin, mar shampla, an oibleagáid sásra fógra agus gnímh agus sásra gearáin atá furasta le húsáid a chur i bhfeidhm, dualgas comhair le comharthóirí iontaofa, toirmeasc ar phatrúin dhorcha, rialacha maidir le fógraíocht, agus oibleagáidí trédhearcachta mionsonraithe, lena n-áirítear conas a mholtar táirgí do thomhaltóirí.

Tá oibleagáid orthu freisin **'eolas a bheith acu ar a gcustaiméir gnó'** ar cheart di díoltóirí neamhchomhlíontacha a dhíspreagadh óna gcuid táirgí a thairiscint san Aontas trí mhargaí, agus tacaíocht phraiticiúil a thabhairt maidir le trádálaithe a rianú nach gcuireann rialacha an Aontais i bhfeidhm. Sa chleachtas, ní mór do mhargaí faisnéis a bhailiú faoi thrádálaithe sula dtairgeann siad a gcuid táirgí ar an ardán. Áirítear leis sin, mar shampla, céannacht agus sonraí teagmhála an trádálaí, faisnéis faoina gcuntas íocaíochta, a sonraí clárúcháin trádála, agus féindeimhniúchán lena gceanglaítear ar an trádálaí gan ach táirgí a chomhlíonann rialacha an Aontais a thairiscint. Faoin 17 Feabhra 2025, ba cheart a ndícheall a bheith déanta ag margaí an fhaisnéis ó thrádálaithe atá ar a n-ardán le bliain cheana féin, i.e. ón 17 Feabhra 2024, a bhailiú agus a mheasúnú. Ní mór dóibh an fhaisnéis a iarraidh ar bhonn leanúnach agus seiceálacha comhchosúla a dhéanamh le haghaidh gach trádálaí a théann ar an ardán sular féidir leo táirgí a thairiscint san Aontas.

Ina ról maoirseachta, bíonn aird ar leith ag an gCoimisiún ar chur i bhfeidhm na hoibleagáide sin, mar phríomhionstraim chun díoltóirí bradacha a dhíspreagadh ó dhíriú ar thomhaltóirí san Aontas. Tá an fhaisnéis a bhailítear ón trádálaí fíor-riachtanach do thomhaltóirí, ach do ghníomhaíochtaí ceartaitheacha an ardáin féin freisin, mar shampla chun trádálaithe a thairgeann earraí neamhdhleathacha arís agus arís eile a chur ar fionraí. Ina theannta sin, is féidir leis freastal ar údaráis inniúla freisin, mar shampla maidir le maoirseacht a dhéanamh ar rialacha maidir le sábháilteacht táirgí. Éascaíonn GSD in-fhorfheidhmitheacht na n-orduithe

[45] Féach an t-imscrúdú comhordaithe in aghaidh Temu a rinne an Coimisiún Eorpach, faoin nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha, agus an Gréasán um Chomhar ar mhaithe le Cosaint Tomhaltóirí, faoi rialacha maidir le cosaint tomhaltóirí, *infra*, lch. 16.

[46] Moladh (AE) 2024/915 ón gCoimisiún an 19 Márta 2024 maidir le bearta chun dul i ngleic le góchumadh agus chun forfheidhmiú ceart maoine intleachtúla a fheabhsú

arna n-eisiúint ag údaráis bhreithiúnacha nó riaracháin inniúla chun ábhar neamhdhleathach a bhaint anuas, lena n-áirítear táirgí neamhdhleathacha a thairgeann díoltóirí.

Ceanglaítear ar mhargaí freisin 'comhlíontacht trí dhearadh' a áirithiú, i.e. ní mór dá gcomhéadan é a chur ar a gcumas do thrádálaithe an fhaisnéis réamhchonarthach uile is gá agus faisnéis eile maidir le comhlíontacht agus sábháilteacht táirgí a sholáthar faoin dlí is infheidhme de chuid an Aontais. Ní mór dóibh tomhaltóirí a chur ar an eolas freisin i gcás inar cheannaigh siad táirge neamhdhleathach trína seirbhís.

D'ainmnigh an Coimisiún 25 ardán ar líne, lena n-áirítear roinnt margaí ar líne[47], mar ardáin agus innill chuardaigh an-mhór ar líne[48] tar éis dóibh níos mó ná 45 mhilliún faighteoir míosúil ar an meán a bhaint amach san Aontas. Ní mór dóibh bearta láidre a chur i bhfeidhm chun measúnú agus maolú a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann le dearadh agus feidhmiú a gcuid seirbhísí agus an úsáid a bhaintear astu. Áirítear leis sin an gá atá le measúnú agus maolú a dhéanamh ar rioscaí a bhaineann le scaipeadh earraí neamhchomhlíontacha, rioscaí a bhaineann le hardleibhéal cosanta do thomhaltóirí san Aontas, nó rioscaí a bhaineann leis an tsláinte phoiblí, mionaoisigh agus folláine fhisiceach daoine aonair.

**Measann an Coimisiún go mbaineann ardtosaíocht le gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin a bhaineann leis na rioscaí sin ar mhargaí ainmnithe ar líne, agus tá feabhas á chur aige ar an gcomhar agus ar an gcomhordú leis na húdaráis inniúla náisiúnta.**

**Sheol an Coimisiún gníomhaíochtaí imscrúdaitheacha faoi GSD** i ndáil le SHEIN[49] agus Amazon[50] agus **thionscain sé imeachtaí go foirmiúil** in aghaidh AliExpress an 14 Márta 2024[51] agus Temu an 31 Deireadh Fómhair 2024[52]. Comhlánaítear an t-imscrúdú deireanach sin freisin le gníomhaíocht chomhordaithe faoin ngréasán um Chomhar ar mhaithe le Cosaint Tomhaltóirí[53].

**Leanfaidh an Coimisiún d'fhaireachán a dhéanamh ar chomhlíontacht** agus, i gcás inar gá, déanfaidh sé imeachtaí a thionscnamh ar faoina gcuimsiú go bhféadfadh sé díriú ar na bearta is mó tionchar, amhail an oibleagáid 'eolas a bheith agat ar do chustaiméir gnó', comhlíontacht chórasach ag margaí ar líne le horduithe baint anuas nó faisnéise a fhaightear ó údaráis inniúla, ag tacú lena ngníomhaíochtaí comhordaithe agus le cur i bhfeidhm na reachtaíochta atá á forfheidhmiú acu. Tá an Coimisiún an-aireach ar shamhail ghnó hibrideach margaí áirithe, i.e. cásanna ina ngníomhaíonn siad mar idirghabhálaithe agus inar díoltóirí díreacha iad féin nó ina ndéanann siad rialú ar dhíoltóirí[54].

**Cuirfidh an Coimisiún freisin le gníomhaíochtaí comhordaithe amhail an réimse rialaithe tosaíochta agus na gníomhaíochtaí sin a dhéantar leis an nGréasán um**

---

[47] Amazon, AliExpress, Apple AppStore, Booking, Google Shopping, Google Play, SHEIN, Temu agus Zalando.

[48] https://digital-strategy.ec.europa.eu/ga/policies/list-designated-vlops-and-vloses

[49] https://digital-strategy.ec.europa.eu/ga/news/commission-requests-information-online-marketplaces-temu-and-shein-compliance-digital-services-act

[50] https://digital-strategy.ec.europa.eu/ga/news/commission-sends-request-information-amazon-under-digital-services-act
https://digital-strategy.ec.europa.eu/ga/news/commission-requests-information-amazon-under-digital-services-act.

[51] https://digital-strategy.ec.europa.eu/ga/news/commission-opens-formal-proceedings-against-aliexpress-under-digital-services-act.

[52] https://digital-strategy.ec.europa.eu/ga/news/commission-opens-formal-proceedings-against-temu-under-digital-services-act.

[53] Féach thíos agus féach https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/ip_24_5707

[54] Maidir le táirgí a dhíolann an margadh ar líne go díreach nó i gcás ina bhfuil smacht aige ar an díoltóir, d'fhéadfaí a chinneadh go bhfuil an soláthraí faoi dhliteanas i leith táirgí neamhdhleathacha a dhíol, i gcomhréir le hAirteagal 6 GSD

**Chomhar ar mhaithe le Cosaint Tomhaltóirí agus tabharfaidh sé dá aire a dtorthaí atá ábhartha dá imscrúduithe faoi GSD.**

Thairis sin féachfaidh sé le feabhas a chur ar a chumas trí **chomhaontuithe le comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais a bhfuil saineolas ábhartha acu**, amhail socrú oibre le h**Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)** chun tacú lena gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin maidir le hardáin ríomhthráchtála a d'fhéadfadh a bheith ina riosca sistéamach go dtiocfadh tuile earraí góchumtha isteach san Aontas.

Tá sé ríthábhachtach go dtógfar **líonra láidir forfheidhmitheoirí** ar fud an Aontais, a dhéanfadh a gcuid iarrachtaí a ailíniú, faisnéis a chomhroinnt agus gníomhaíochtaí a chuíchóiriú agus a chuirfeadh le tionchar foriomlán na ngníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin agus na formhaoirseachta rialála. Laistigh de na Ballstáit, tá Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha inniúil chun GSD a fhorfheidhmiú. **Ba cheart d'údaráis inniúla eile a bheith rannpháirteach go héifeachtach freisin**, go háirithe iad siúd a bhfuil saineolas agus inniúlachtaí gaolmhara acu maidir le sábháilteacht táirgí, comhlíontacht agus cosaint tomhaltóirí. Ó cuireadh tús lena chuid oibre i mí Feabhra 2024, tá **an Bord Eorpach um Sheirbhísí Digiteacha** ina líonra fíor-riachtanach rialtóirí lena gcothaítear comhar agus tá meitheal thiomnaithe aige maidir le cosaint tomhaltóirí, lena n-áirithítear an nasc leis an nGréasán um Chomhar ar mhaithe le Cosaint Tomhaltóirí.

Chun fianaise a bhailiú ar bhealach níos fónta, tá roinnt Ballstát tar éis tús a chur le comhar trasearnála a bhunú trí **thascfhórsa ríomhthráchtála ar an leibhéal náisiúnta**, lena n-áirítear Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha, na húdaráis cosanta tomhaltóirí, faireachais margaidh agus chustaim. Tá an Coimisiún réidh le tacú le cruthú tascfhórsaí den sórt sin i ngach Ballstát in 2025 le cuidiú ó oifigigh GSD a chuirtear in Ionadaíochtaí an Choimisiúin agus lena áirithiú go gcuirfidh siad le hobair **an Bhoird Eorpaigh um Sheirbhísí Digiteacha** agus le gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin náisiúnta agus gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin an Choimisiúin faoi GSD.

I gcomhthráth leis na hiarrachtaí sin, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht freisin, faoi mhí na Samhna 2025, **ar an gcaoi a n-idirghníomhaíonn GSD le gníomhartha dlí eile, amhail *acquis* na dtomhaltóirí agus na rialacha maidir le sábháilteacht táirgí**[55]. I gcás inarb iomchuí, **féadfaidh togra maidir le simpliú na rialacha atá ann cheana a bheith ag gabháil leis an tuarascáil sin**.

*2.3.2. Freagrachtaí trádálaithe agus gnólachtaí eile ar líne: rialacha maidir le cosaint tomhaltóirí a chur chun cinn agus a fhorfheidhmiú*

**Cibé acu a dhíolann nó nach ndíolann siad trí mhargaí ar líne, ní mór do thrádálaithe a thairgeann a n-earraí agus a seirbhísí san Aontas, lena n-áirítear iad siúd atá bunaithe i dtríú tíortha, dlíthe an Aontais maidir le cosaint tomhaltóirí a urramú**[56]. Tá feidhm ag na rialacha ar líne mar atá acu as líne, agus áirithíonn siad an caighdeán is airde cosanta do thomhaltóirí, mar shampla trí thomhaltóirí san Aontas a chosaint ar chleachtais fhealltacha

[55] Mar a shainordaítear le hAirteagal 91 GSD.

[56] E.g. Treoir 2005/29/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2005 maidir le cleachtais tráchtála éagóracha idir gnólachtaí agus tomhaltóirí sa mhargadh inmheánach, Treoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le cearta tomhaltóirí, Treoir 93/13/CEE ón gComhairle an 5 Aibreán 1993 maidir le téarmaí éagóracha i gconarthaí tomhaltóra, Treoir 98/6/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 1998 maidir le cosaint tomhaltóirí ó thaobh praghsanna táirgí a thairgtear do thomhaltóirí a chur in iúl, Treoir (AE) 2019/771 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 maidir le gnéithe áirithe a bhaineann le conarthaí chun earraí a dhíol, lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/2394 agus Treoir 2009/22/CE, agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/44/CE,

agus ar chamscéimeanna, agus trí ligean do thomhaltóirí cinntí eolasacha a dhéanamh agus costais nó rioscaí folaithe a sheachaint.

**Ina theannta sin, is féidir le margaí ar líne difear a dhéanamh do chinntí tomhaltóirí trína gcomhéadain**, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí rangú torthaí cuardaigh a chinneadh agus trí mholtaí a thabhairt, ach trí phatrúin dhorcha, dearadh andúile agus fógraíocht phearsantaithe ionsaitheach nó gan iarraidh a úsáid freisin. Le **GSD**, cuirtear toirmeasc ar phatrúin dhorcha ar mhargaí ar líne agus rialaítear cleachtais eile, lena bhforchuirtear oibleagáidí, mar shampla, a mhéid a bhaineann le dearadh a gcomhéadan agus a gcóras moltaí, lena bhforchuirtear nochtaí ar thomhaltóirí, agus lena dtoirmeasctar orthu cineálacha áirithe fógraí pearsantaithe a chur i láthair.

Bíonn margaí ar líne faoi réir fhorálacha ginearálta dhlí tomhaltóirí an Aontais freisin a bhfuil feidhm acu maidir le gach trádálaí agus a chuireann toirmeasc ar chleachtais tráchtála éagóracha a chuireann isteach ar roghanna tomhaltóirí. Thángthas ar an gconclúid sa tSeiceáil Oiriúnachta ar an gCothroime Dhigiteach[57] nach soláthraítear deimhneacht dhlíthiúil leordhóthanach maidir lena gcur i bhfeidhm sa timpeallacht dhigiteach, lasmuigh de GSD, leis an gcur chuige atá bunaithe den chuid is mó ar phrionsabail na ndlíthe maidir le cosaint tomhaltóirí. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún **Gníomh um Chothroime Dhigiteach** a mholadh chun cosaint tomhaltóirí a threisiú ar bhealach spriocdhírithe, rud a fhágfaidh go mbeidh na prionsabail sna rialacha atá ann cheana maidir le cosaint tomhaltóirí níos nithiúla agus go líonfar na bearnaí a sainaithníodh.

**Is iad na húdaráis náisiúnta um chosaint tomhaltóirí nó na cúirteanna náisiúnta atá freagrach as dlíthe maidir le cosaint tomhaltóirí a fhorfheidhmiú.** Is féidir leo a ordú, mar shampla, go gceartófaí, go ndíchumasófaí nó go mbainfí suíomhanna gréasáin nó cuntais meán sóisialta a bhfuil camscéimeanna orthu, agus is féidir leo a ordú go ndúnfaí cuntais trádálaithe neamh-chomhoibríocha.

Oibríonn an Coimisiún leis an **nGréasán um Chomhar ar mhaithe le Cosaint Tomhaltóirí** de chuid na n-údarás atá freagrach as dlíthe an Aontais maidir le cosaint tomhaltóirí a fhorfheidhmiú. Is féidir leis an gCoimisiún an Gréasán um Chomhar ar mhaithe le Cosaint Tomhaltóirí a chur ar an eolas nuair a bhíonn amhras réasúnach ann go ndearnadh sárú ar dhlí an Aontais. Comhordaíonn an Coimisiún gníomhaíochtaí den sórt sin nuair a bhaineann siad le líon mór tomhaltóirí de chuid an Aontais. Tá roinnt gníomhaíochtaí déanta ag an nGréasán um Chomhar ar mhaithe le Cosaint Tomhaltóirí[58] agus is féidir leis gníomhaíochtaí nua a thionscnamh in aghaidh trádálaithe ríomhthráchtála faoin Rialachán maidir le Comhar ar mhaithe le Cosaint Tomhaltóirí. Sa chomhthéacs sin, tá gníomhaíocht leanúnach ar siúl in aghaidh Temu.

An 3 Feabhra 2025 **chuir an Gréasán um Chomhar ar mhaithe le Cosaint Tomhaltóirí agus an Coimisiún SHEIN ar an eolas freisin faoi sheoladh gníomhaíochta comhordaithe** chun imscrúdú a dhéanamh ar chomhlíonadh oibleagáidí áirithe faoi dhlíthe tomhaltóirí an Aontais ag margaí ar líne agus r-mhiondíoltóirí[59]. Is é an Coimisiún a chomhordaíonn an

[57] Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin Seiceáil Oiriúnachta ar dhlí tomhaltóirí an Aontais maidir leis an gcothroime dhigiteach | An Coimisiún Eorpach.

[58] e.g. Gníomhaíochtaí comhordaithe Comhair ar mhaithe le Cosaint Tomhaltóirí in aghaidh AliExpress nó Wish: https://commission.europa.eu/live-work-travel-eu/consumer-rights-and-complaints/enforcement-consumer-protection/coordinated-actions/market-places-and-digital-services_ga#aliexpress-and-wish

[59] An Treoir maidir le Cleachtais Tráchtála Éagóracha, an Treoir maidir le Cearta Tomhaltóirí, an Treoir maidir le Téarmaí Éagóracha Conartha agus an Treoir maidir le Tráchtáil Leictreonach. Tá seoladh gníomhaíocht chomhordaithe den sórt sin gan dochar do na conclúidí ar thángthas orthu ina dhiaidh sin.

t-imscrúdú comhpháirteach leanúnach ar an nGréasán um Chomhar ar mhaithe le Cosaint Tomhaltóirí.

**Iarrachtaí comhordaithe: cásanna de chuid GSD agus an Ghréasáin um Chomhar ar mhaithe le Cosaint Tomhaltóirí in aghaidh Temu**

Léiríonn na himscrúduithe a rinneadh le déanaí maidir le Temu conas is féidir le GSD agus an Gréasán um Chomhar ar mhaithe le Cosaint Tomhaltóirí agus ionstraimí rialála a chéile a threisiú, agus conas is féidir leis na húdaráis a gcumhachtaí a ghiaráil le haghaidh gníomhaíochtaí éifeachtacha.

**An 31 Deireadh Fómhair 2024 chuir an Coimisiún tús le himscrúdú ar Temu[60] mar gheall ar sháruithe amhrasta ar GSD**, lena n-áirítear sainaithint riosca agus an easpa bearta maolaithe chun teorainn a chur le filleadh trádálaithe bradacha a cuireadh ar fionraí roimhe sin nó filleadh earraí neamhchomhlíontacha; na rioscaí a bhaineann le dearadh andúile na seirbhíse, lena n-áirítear cláir luaíochta atá cosúil le cluiche, agus na córais atá i bhfeidhm ag Temu chun na rioscaí a eascraíonn as dearadh andúile agus brúdhíol den sórt sin a mhaolú, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí phatrúin dhorcha, a bhféadfadh iarmhairtí diúltacha a bheith acu ar fholláine fhisiceach agus mheabhrach duine; córais moltaí, lena n-áirítear rogha amháin ar a laghad a bhfuil rochtain éasca uirthi agus nár bunaíodh ar phróifíliú a sholáthar; agus an oibleagáid rochtain ar shonraí a thabhairt do thaighdeoirí.

Tá imscrúdú an Choimisiúin fós ar siúl agus tacaíonn na húdaráis chustaim, na húdaráis um fhaireachas margaidh agus na húdaráis um chosaint tomhaltóirí leis tríd an mBord Eorpach um Sheirbhísí Digiteacha. Tá sé bunaithe freisin ar fhreagraí Temu ar iarrataí an Choimisiúin ar fhaisnéis, chomh maith le fianaise ón rúnsiopadóireacht agus gearáin ó thomhaltóirí arna gcur isteach ag tríú páirtithe[61]. Dá gcinnfeadh an Coimisiún go sáraíonn an t-ardán GSD, bheadh ar an soláthraí, i measc smachtbhannaí eile, fíneálacha féideartha a d'fhéadfadh a bheith suas le 6 % dá láimhdeachas domhanda a ghearradh.

**An 8 Samhain 2024, tar éis imscrúdú comhpháirteach a rinne an Gréasán um Chomhar ar mhaithe le Cosaint Tomhaltóirí agus a chomhordaigh an Coimisiún, thug an Gréasán um Chomhar ar mhaithe le Cosaint Tomhaltóirí fógra[62] do Temu faoi roinnt cleachtas a measadh a bheith ina sárú ar dhlíthe tomhaltóirí an Aontais**. Áirítear orthu sin cleachtais a bhaineann le lascainí bréige, patrúin dhorcha chun brú a chur ar thomhaltóirí, cluichiú éigeantach, faisnéis atá in easnamh agus míthreorach, léirmheasanna bréige agus sonraí teagmhála folaithe. D'ordaigh an Gréasán um Chomhar ar mhaithe le Cosaint Tomhaltóirí do Temu gealltanais a mholadh maidir leis an gcaoi a dtabharfaidh an chuideachta aghaidh ar na saincheisteanna.

Ina theannta sin, d'iarr an Gréasán um Chomhar ar mhaithe le Cosaint Tomhaltóirí faisnéis ar Temu chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíontacht na cuideachta le hoibleagáidí eile faoi dhlí tomhaltóirí an Aontais, amhail an oibleagáid tomhaltóirí a chur ar an eolas go soiléir cé acu is trádálaí é díoltóir táirge nó nach ea, a áirithiú nach gcuirfear rangú táirgí, athbhreithnithe agus rátálacha i láthair do thomhaltóirí ar bhealach míthreorach, a áirithiú go bhfógrófar agus go ríomhfar laghduithe ar phraghsanna i gceart agus a áirithiú go mbeidh aon mhaíomh comhshaoil cruinn agus cuí-réasúnaithe.

Tá measúnú á dhéanamh faoi láthair ar fhreagraí Temu ar na torthaí agus ar na ceisteanna a chuir an Gréasán um Chomhar ar mhaithe le Cosaint Tomhaltóirí.

[60] Féach *supra,* lch. 14.
[61] Taming Temu | BEUC.
[62] https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/it/ip_24_5707.

Tá an Coimisiún tiomanta i gcónaí do thacú le hobair forfheidhmiúcháin an Ghréasáin um Chomhar ar mhaithe le Cosaint Tomhaltóirí agus dá comhordú trí úsáid a bhaint as na huirlisí uile atá ar fáil. Mar shampla, bainfear úsáid as cumais IS a bhosca uirlisí bailithe fianaise **eLab** chun seiceálacha uathoibrithe comhuaineacha a dhéanamh ar mhórmhargaí ar líne. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún torthaí na seiceálacha sin a roinnt leis an nGréasán um Chomhar ar mhaithe le Cosaint Tomhaltóirí, a d'fhéadfadh a chinneadh bearta leantacha a dhéanamh le gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin faoin Rialachán maidir le Comhar ar mhaithe le Cosaint Tomhaltóirí.

I gcomhréir le torthaí a thuarascála le déanaí[63] maidir le cur i bhfeidhm **an Rialacháin maidir le Comhar ar mhaithe le Cosaint Tomhaltóirí**, tá machnamh á dhéanamh ag an gCoimisiún ar athbhreithniú ar an Rialachán[64], chun forfheidhmiú dhlí tomhaltóirí an Aontais a neartú a thuilleadh, go háirithe a mhéid a bhaineann le cleachtais neamhdhleathacha fhorleathana, gan beann ar dhéantóirí na coire a bheith bunaithe laistigh den Aontas nó lasmuigh de, d'fhonn cothrom iomaíochta a áirithiú.

*2.3.3. Réiteach díospóidí le haghaidh na ríomhthráchtála*

D'ainneoin na n-iarrachtaí go léir, is cinnte go dtarlóidh roinnt cásanna ina gceannaítear earraí neamhchomhlíontacha san Aontas, agus tá sé tábhachtach go mbeadh rochtain ag tomhaltóirí ar shásamh fóinteach. An creat nua dliteanais i leith táirgí lochtacha a glacadh i mí Dheireadh Fómhair 2024, beidh feidhm aige ó dheireadh 2026 ar aghaidh[65] agus áiritheofar leis go mbeidh duine faoi dhliteanas i gcónaí i leith táirgí i gcás nach bhfuil an monaróir bunaithe san Aontas. Cuireann GSD uirlisí ar fáil freisin do thomhaltóirí agus dá n-ionadaithe chun earraí neamhdhleathacha a chur in iúl do mhargaí ar líne agus chun sásamh a lorg.

Ina theannta sin, mhol **an Coimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an treoir maidir le Réiteach Malartach Díospóidí (RMD)**[66] chun a áirithiú go mbeidh an reachtaíocht maidir le réiteach díospóidí lasmuigh den chúirt oiriúnach don ré dhigiteach, lena n-áirítear í a bheith oiriúnach nuair a bhaineann díospóidí le trádálaithe nach trádálaithe de chuid an Aontais iad. **Iarrann an Coimisiún ar na comhreachtóirí an treoir athbhreithnithe maidir le RMD a ghlacadh go pras**, agus iarrann sé go nglacfaí leis an **Moladh** a ghabhann léi lena gcuirtear chun cinn critéir ardcháilíochta na nósanna imeachta um réiteach díospóidí a chuireann margaí ar líne agus comhlachais trádála de chuid an Aontais ar fáil.[67]

*2.3.4. Deiseanna gnó a chur ar fáil d'oibreoirí malartacha chun teagmháil a dhéanamh le tomhaltóirí de chuid an Aontais ar líne: an Gníomh um Margaí Digiteacha*

Tá FBManna na hEorpa ag brath go mór anois ar ardáin ar líne, lena n-áirítear margaí ar líne. Leis an nGníomh um Margaí Digiteacha, cuirtear deiseanna ar fáil do ghnólachtaí malartacha, lena n-áirítear margaí beaga ar líne, a bheith ar an gcéad ardán eile a mbeidh éileamh air. Le go mbeadh sé sin ina fhíorfhéidearthacht, ní mór do ghnólachtaí, mar shampla, a bheith in ann bogadh ar fud na n-ardán gan a gcuid sonraí a chailleadh. Leis an nGníomh um Margaí

[63] https://commission.europa.eu/document/download/569266a1-22d9-4871-a143-a3671b417507_en?filename=Report%20B3%20cpc.pdf.

[64] https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/13535-Consumer-protection-strengthened-enforcement-cooperation_ga.

[65] Treoir (AE) 2024/2853 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2024 maidir le dliteanas i leith táirgí lochtacha agus lena n-aisghairtear Treoir 85/374/CEE ón gComhairle.

[66] Togra le haghaidh Treoir lena leasaítear Treoir 2013/11/AE maidir le réiteach malartach díospóidí ar dhíospóidí tomhaltóirí, chomh maith le Treoracha (AE) 2015/2302, (AE) 2019/2161 agus (AE) 2020/1828.

[67] Moladh (AE) 2023/2211 ón gCoimisiún an 17 Deireadh Fómhair 2023 maidir le ceanglais cháilíochta le haghaidh nósanna imeachta um réiteach díospóidí a chuireann margaí ar líne agus comhlachais trádála de chuid an Aontais ar fáil.

Digiteacha[68], cuirtear d'oibleagáid ar gheatóirí iniomparthacht sonraí fíor-ama agus leanúnach a sholáthar d'úsáideoirí deiridh agus do thríú páirtithe údaraithe, agus rochtain ar shonraí a sholáthar d'úsáideoirí gnó agus do thríú páirtithe údaraithe.

Tabharfaidh an Coimisiún tús áite don fhorfheidhmiú éifeachtach agus don mhaoirseacht faoina chumhachtaí i leith geatóirí faoin nGníomh um Margaí Digiteacha, lena n-áirítear cleachtais a mbíonn tionchar acu ar earnáil ríomhthráchtála na hEorpa, chun a áirithiú go n-urramóidh na geatóirí sin a n-oibleagáidí bearta a chur i bhfeidhm chun an Gníomh um Margaí Digiteacha a chomhlíonadh. Bainfidh an Coimisiún úsáid as uirlisí uile an Ghnímh um Margaí Digiteacha, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, fostú saineolaithe agus iniúchóirí chun rochtain a fháil ar algartaim na ngeatóirí agus chun maoirseacht a dhéanamh ar a gcomhlíontacht.

**Maidir leis an gCoimisiún:**

- Leanfaidh sé de thús áite a thabhairt do ghníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin faoi GSD maidir le comhlíontacht margaí móra ar líne. Cuirfidh an Coimisiún dlús lena ghníomhaíochtaí maoirseachta GSD, treiseoidh sé a chumais agus a chomhpháirtíochtaí le gníomhaireachtaí an Aontais, amhail EUIPO, agus glacfaidh sé páirt i ngníomhaíochtaí comhordaithe leis na húdaráis inniúla.
- Iarrann sé ar na Ballstáit údaráis inniúla a cheapadh agus tascfhórsaí ríomhthráchtála a bhunú, lena dtacófar le forfheidhmiú GSD agus leis na gníomhaíochtaí comhordaithe faoi chórais dlí eile. Tacóidh an Coimisiún leis na Ballstáit trí na hoifigigh nua de chuid GSD ina ionadaíochtaí, agus trí chomhordú sa Bhord Eorpach um Sheirbhísí Digiteacha.
- Déanfaidh sé meastóireacht ar an gcaoi a n-idirghníomhaíonn GSD le gníomhartha dlí eile.
- Leanfaidh sé de thacaíocht a thabhairt don Líonra Comhordúcháin um Chosaint Tomhaltóirí, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trína bhosca uirlisí eLab lena mbailítear fianaise.
- Leanfaidh sé den obair ar athbhreithniú a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an Rialachán maidir le Comhar ar mhaithe le Cosaint Tomhaltóirí.
- Iarrann sé ar na comhreachtóirí an Treoir athbhreithnithe maidir le Réiteach Malartach Díospóidí a ghlacadh go pras.
- Tabharfaidh sé tús áite d'fhorfheidhmiú an Ghnímh um Margaí Digiteacha maidir leis an gcaoi a mbíonn tionchar ag geatóirí digiteacha ar earnáil na ríomhthráchtála.

### 2.4. Cumas maoirseachta níos fearr trí uirlisí digiteacha

Is féidir le réitigh dhigiteacha a bheith ina bpríomhchumasóirí chun maoirseacht a dhéanamh ar an tírdhreach ríomhthráchtála, chun tacú le húdaráis agus le gníomhaithe dlisteanacha margaidh lena n-áirithítear comhlíonadh dhlí an Aontais.

**Ar an gcéad dul síos, tá tús áite á thabhairt ag an gCoimisiún do chur chun feidhme éifeachtach an Phas Táirge Dhigitigh** dá bhforáiltear leis an Rialachán maidir leis an Éicidhearthóireacht le haghaidh Táirgí Inbhuanaithe, leis an Rialachán maidir le Ceallraí agus le reachtaíocht earnála ábhartha eile. Le himeacht ama, beidh Pas Táirge Digiteach ag teastáil i gcás fhormhór na n-earraí fisiceacha a chuirtear ar mhargadh an Aontais nó a chuirtear i seirbhís. Leis an Rialachán maidir leis an Éicidhearthóireacht le haghaidh Táirgí Inbhuanaithe

[68] Lena n-áirítear, mar shampla, Google Shopping, Amazon Marketplace, Meta Marketplace. Féach liosta iomlán na ngeatóirí ainmnithe ag [Geatóirí arna n-ainmniú faoin nGníomh um Margaí Digiteacha]

beartaítear gníomhartha tarmligthe earnála a ghlacadh lena socrófar ceanglais éicidhearthóireachta de réir a chéile agus lena dtabharfar isteach an Pas Táirge Digiteach le haghaidh grúpaí táirgí sonracha. Glacfar an chéad phlean oibre, ina leagfar amach na táirgí a dtabharfar tosaíocht dóibh sna blianta amach romhainn, i mí Aibreáin 2025. Leis sin, beidh trédhearcacht agus inrianaitheacht nach bhfacthas a leithéid riamh ann ar fud slabhraí luacha táirgí agus soláthrófar faisnéis ábhartha amhail feidhmíocht theicniúil, tionscnamh, ábhair agus tionchar comhshaoil táirge, agus moltaí maidir le deisiú, athchúrsáil agus diúscairt, trí chóras lena bhforchuirtear an t-ualach riaracháin is lú ar ghnólachtaí rannpháirteacha.

Féachfaidh an Coimisiún freisin le moladh a dhéanamh **an córas Pas Táirge Dhigitigh a athúsáid i réimsí beartais eile, agus é á úsáid mar phointe iontrála le haghaidh tuilleadh faisnéis agus doiciméid tháirgeshonracha amhail deimhnithe comhréireachta.**

Leis an bPas Táirge Digiteach, in éineacht le Timpeallacht Ionaid Ilfhreastail an Aontais Eorpaigh maidir le Custam agus ina dhiaidh sin Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh, **simpleofar obair na n-údarás custaim, na n-údarás um fhaireachas margaidh agus na n-oibreoirí eacnamaíocha** freisin nuair a thiocfaidh táirge isteach i margadh an Aontais. Agus faisnéis ábhartha maidir le measúnú comhréireachta agus inrianaitheacht á comhdhlúthú ina haitheantóir aonair, is féidir leis na húdaráis chustaim a fhíorú ar bhealach níos éifeachtúla gur soláthraíodh an fhaisnéis uile is gá faoin bPas Táirge Digiteach. Bainfidh na húdaráis chustaim úsáid freisin as an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil tríd an bPas Táirge Digiteach chun críoch bainistithe riosca agus chun díriú ar a rialuithe. Ní hamháin go laghdóidh sé sin na costais ar chomhlachtaí náisiúnta forfheidhmiúcháin ach cuirfidh sé feabhas mór ar shábháilteacht táirgí ar fud an mhargaidh aonair agus déanfaidh sé an saol a shimpliú le haghaidh gnólachtaí comhlíontacha.

**Thairis sin**, tacaíonn roinnt uirlisí agus bunachar sonraí TF leis na húdaráis inniúla agus uaireanta le margaí ar líne chun táirgí neamhdhleathacha a bhrath. Tá tionscadal á ullmhú ag an gCoimisiún **chun na bunachair sonraí atá ann cheana a chuíchóiriú**, lena n-áirítear, mar chéad chéim, Safety Gate an Aontais agus an Córas Bainistithe Riosca Custaim, ina g**córas aontaithe idir-inoibritheach** lena gcuirfear le sineirgí san fhaisnéis a bhailíonn na húdaráis éagsúla agus lena n-áiritheofar idir-inoibritheacht leis an bPas Táirge Digiteach. Leis sin ba cheart brath níos tapúla táirgí neamhchomhlíontacha agus rianú ag na húdaráis ábhartha a éascú. Ba cheart é a chur ar a chumas do mhargaí ar líne leis freagairt ar bhealach níos éifeachtúla do bhagairtí agus seiceálacha randamacha ar tháirgí a chur i bhfeidhm.

**Ar deireadh**, tá **ransaitheoirí gréasáin nua atá cumasaithe ag IS** á gcur ar fáil ag an gCoimisiún do na húdaráis um fhaireachas margaidh. Tá an Ransaitheoir Gréasáin Ríomhfhaireachais ar fáil cheana féin agus úsáidtear é chun bratach a chur le táirgí contúirteacha athfhillteacha atá liostaithe cheana féin in Safety Gate agus gineann sé iarrataí uathoibrithe maidir le baint anuas. Tá ransaitheoirí gréasáin forbartha ag an gCoimisiún chun táirgí a shainaithint nach gcomhlíonann ceanglais éicidhearthóireachta agus lipéadaithe fuinnimh. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún freisin ransaitheoir gréasáin eile a chur ar fáil in 2025 chun táirgí a d'fhéadfadh a bheith neamhchomhlíontach ar mhargaí ar líne a chuardach go huathoibríoch[69].

**Maidir leis an gCoimisiún:**

- Tabharfaidh sé tús áite do chur chun feidhme an Phas Táirge Dhigitigh i gcatagóirí éagsúla táirgí. Glacfar an chéad phlean gníomhaíochta faoi mhí Aibreáin 2025.

[69] Ba cheart dó scagadh a dhéanamh ar thairiscintí táirgí agus ar athbhreithnithe tomhaltóirí, trí úsáid a bhaint as eochairfhocail a léiríonn neamhchomhlíontacht a d'fhéadfadh a bheith ann, arna roghnú ag cigirí faireachais margaidh, agus trí liostaí de tháirgí a d'fhéadfadh a bheith neamhchomhlíontach a ríomh.

- Tá sé dírithe ar na bunachair sonraí atá ann cheana a chuíchóiriú ina gcóras idir-inoibritheach, agus béim á leagan ar Safety Gate agus ar an gCóras Bainistithe Riosca Custaim mar chéad chéim, go luath in 2025.
- Leanfaidh sé den Ransaitheoir Gréasáin Ríomhfhaireachais a chur ar fáil do na húdaráis um fhaireachas margaidh le haghaidh táirgí contúirteacha athfhillteacha, agus cuirfidh sé ransaitheoir gréasáin eile ar fáil chun liostuithe nua a bhrath.

### 2.5. Tomhaltóirí a chumhachtú, faisnéis níos fearr a chur ar fáil do thrádálaithe agus gníomhaíochtaí deonacha a spreagadh

Múscailt feasachta, an t-oideachas agus faisnéis, uirlisí láidre atá iontu chun tomhaltóirí a chumhachtú le roghanna a dhéanamh atá ailínithe lena leasanna agus lena luachanna, chomh maith le bheith ina n-uirlisí éifeachtacha chun trádálaithe a dhíspreagadh maidir le bheith ag gabháil do dhíol táirgí contúirteacha nó góchumtha nó atá neamhchomhlíontach ar bhealach eile.

**Tá an Coimisiún ag tacú le sraith beart chun tomhaltóirí ar líne a chur ar an eolas**. Mar shampla, leis na ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh teicstílí agus táirgí eile faoin Rialachán maidir leis an Éicidhearthóireacht le haghaidh Táirgí Inbhuanaithe, cuirfear tomhaltóirí ar an eolas ar bhealach níos fearr faoi ghnéithe inbhuanaitheachta amhail tionchair chomhshaoil, úsáid fuinnimh, indeisitheacht nó marthanacht. Ina theannta sin, tacóidh an Coimisiún le h**oiliúint gairmithe a phléann le tomhaltóirí sna Ballstáit** tríd an gcéim atá ar na bacáin den chlár **'oiliúint don oiliúnóir' de chuid ConsumerPRO**, rud a chuirfidh ar a gcumas d'eagraíochtaí tomhaltóirí comhairle níos pearsanta a chur ar fáil ar an láthair maidir le nósanna um cheannach inbhuanaithe.

Thairis sin, is é is aidhm don rialachán atá beartaithe ag an gCoimisiún[70] maidir le CountEmissions EU feabhas a chur ar an trédhearcacht maidir le feidhmíocht seachadtaí trí rialacha comhchoiteanna a leagan síos maidir le cuntasaíocht a dhéanamh i dtaobh astaíochtaí gás ceaptha teasa seirbhísí iompair.

Le 20 bliain anuas, tá **Líonra na Lárionad Eorpach do Thomhaltóirí, a chomh-bhunaigh an Coimisiún,** ag cur oideachas ar thomhaltóirí an Aontais maidir lena gcearta sa mhargadh aonair agus ag cabhrú leo díospóidí trasteorann a réiteach[71]. Cuirfidh Líonra na Lárionad Eorpach do Thomhaltóirí dlús lena fheachtais múscailte feasachta maidir le cearta tomhaltóirí, rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann agus sásraí sásaimh agus duine ag ceannach ar líne, agus **béim á leagan ar thrádálaithe nach trádálaithe de chuid an Aontais iad**. D'fhéadfaidís dul i dteagmháil leis na margaí ar líne freisin.

Tá roinnt creataí eile ag an Aontas freisin maidir le múscailt feasachta, cúnamh frithpháirteach agus gníomhaíochtaí deonacha arna ndéanamh ag margaí ar líne agus ardáin eile ar líne, an tsochaí shibhialta agus ionadaithe tionscail. Áirítear leis sin, mar shampla, an Gealltanas um Shábháilteacht Táirgí+[72], ina bhfuil 11 ardán rannpháirteach, an Meabhrán Tuisceana in aghaidh táirgí góchumtha, lena dtugtar le chéile margaí agus brandaí ar líne, chomh maith le Fóram Idirlín an Aontais, a díríodh ar dtús ar ábhar sceimhlitheoireachta ar líne, ach lena n-ionchorpraítear gníomhaíochtaí agus Pacáiste Eolais maidir le Díolacháin Drugaí ar Líne a Chomhrac freisin, lena soláthraítear faisnéis maidir le heochairfhocail agus oirbheartaíocht a úsáideann gáinneálaithe drugaí ar líne.

---

[70] Déan d'astaíochtaí iompair a chomhaireamh – 'CountEmissions EU'

[71] https://commission.europa.eu/live-work-travel-eu/consumer-rights-and-complaints/resolve-your-consumer-complaint/european-consumer-centres-network-ecc-net_ga.

[72] An Gealltanas um Shábháilteacht Táirgí - An Coimisiún Eorpach.

**Maidir leis an gCoimisiún:**

- Tacóidh sé le tuilleadh feachtas múscailte feasachta, lena n-áirítear tacú leo trí Líonra na Lárionad Eorpach do Thomhaltóirí, agus béim á leagan ar thrádálaithe nach trádálaithe de chuid an Aontais iad.
- Tacóidh sé, tríd an gclár ConsumerPRO, le hoiliúint a chur ar ghairmithe a phléann le tomhaltóirí sna Ballstáit chun comhairle níos pearsanta a chur ar fáil do thomhaltóirí.
- Iarrann sé ar an gcomhreachtóir an rialachán atá beartaithe maidir le CountEmissions EU a ghlacadh.
- Leanfaidh sé de thacaíocht agus de dhreasú a thabhairt don chomhar deonach idir margaí ar líne agus páirtithe leasmhara eile trí fhóraim amhail an Gealltanas um Shábháilteacht Táirgí+, an Meabhrán Tuisceana in aghaidh Táirgí Góchumtha nó Fóram Idirlín an Aontais.

## 2.6. An comhar déthaobhach agus ceisteanna trádála

Tá na hábhair imní a chuir an Coimisiún i dtábhacht sa Teachtaireacht seo agus a eascraíonn as lastais allmhairithe ar luach íseal ina n-ábhair imní ar fud an domhain. Tá bearta á bhfiosrú ag dlínsí eile nó curtha i bhfeidhm acu cheana féin amhail laghduithe nó baint díolúintí *de minimis* ar tharaifí custaim, CBL a thabhairt isteach le haghaidh lastais *de minimis* nó feabhas a chur ar a gcreat rialála féin le haghaidh ardáin ríomhthráchtála.

**Beart thar a bheith tábhachtach freisin atá in oideachas níos fearr le haghaidh díoltóirí i dtríú tíortha.** Mar shampla, i bhfianaise an lín aird táirgí a allmhairítear ón tSín, leanfaidh an Coimisiún de na gníomhaíochtaí múscailte feasachta agus oiliúna maidir le rialacha sábháilteachta táirgí an Aontais lena ndírítear ar chuideachtaí Síneacha tríd an tionscadal SPEAC (Táirgí tomhaltais neamhbhia sábháilte san Aontas agus sa tSín), a raibh os cionn 800 000 rannpháirtí ann ó bhí 2021 ann.

Ar bhonn níos leithne, tá **socrú riaracháin maidir le comhar i leith sábháilteacht táirgí** agus plean gníomhaíochta a ghabhann leis maidir le sábháilteacht táirgí tomhaltais neamhbhia a dhíoltar ar líne sínithe ag Ard-Stiúrthóireacht an Choimisiúin Eorpaigh um Cheartas agus Tomhaltóirí agus Údarás Ginearálta Custaim Dhaon-Phoblacht na Síne.

An tráth céanna, bíonn an Coimisiún réidh i gcónaí na bearta iomchuí a dhéanamh chun a áirithiú go gcomhlíonfar caighdeáin an Aontais agus chun tomhaltóirí agus gnólachtaí na hEorpa a chosaint.

Má chuireann tionscal de chuid an Aontais fianaise leordhóthanach ar fáil go bhfuil allmhairí dumpáilte nó fóirdheonaithe ina gcúis díobhála, scrúdóidh an Coimisiún na roghanna atá ar fáil, lena n-áirítear é sin a dhéanamh faoi ionstraimí cosanta trádála. Thairis sin, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar aon fhianaise maidir le córais fóirdheonaithe neamhdhleathacha a bheith ann, go háirithe fóirdheontais onnmhairiúcháin le haghaidh earraí agus fóirdheontais le haghaidh seirbhísí ábhartha a thairgtear san Aontas, i bhfianaise na rialacha iomchuí. Sa chomhthéacs sin, breithneoidh an Coimisiún gach bealach le haghaidh sásaimh faoi rialacha idirnáisiúnta agus faoi dhlí an Aontais.

**Maidir leis an gCoimisiún:**

- Leanfaidh sé den chomhar déthaobhach le tíortha bunáitíochta earraí allmhairithe trí ghníomhaíochtaí múscailte feasachta agus oiliúna i gcomhair rialacha maidir le sábháilteacht táirgí an Aontais le haghaidh díoltóirí tríú páirtí agus trí chomhar déthaobhach le húdaráis tríú tíortha.

- Déanfaidh sé measúnú ar aon fhianaise a bhaineann le córais dumpála nó fóirdheonaithe neamhdhleathaigh a bheith ann i dtríú tíortha.

## 3. CONCLÚID

I mí Iúil 2024 d'fhógair an tUachtarán von der Leyen tosaíocht an Choimisiúin maidir le 'dul i ngleic le dúshláin a bhaineann le hardáin ríomhthráchtála chun a chinntiú go mbainfidh tomhaltóirí agus gnólachtaí tairbhe as cothrom iomaíochta bunaithe ar rialuithe éifeachtacha custaim, cánach agus sábháilteachta agus ar chaighdeáin inbhuanaitheachta'[73]. Leis an Teachtaireacht seo, leagann an Coimisiún bosca uirlisí cuimsitheach de chuid an Aontais amach, lena n-áirítear sraith beart comhordaithe chun an cuspóir sin a bhaint amach. Deimhnítear a bpráinn leis an mborradh faoi tháirgí neamhchomhlíontacha a allmhairítear isteach san Aontas, leis an dochar a dhéanann siad do thomhaltóirí agus do ghnólachtaí, leis an tionchar a bhíonn acu ar an gcomhshaol agus leis an mbrú a chuirtear ar údaráis sna Ballstáit.

Cuireann an Coimisiún i dtábhacht an gá atá le gníomhaíocht chomhleanúnach phráinneach, le tacaíocht ghníomhach ó na comhreachtóirí, ó na Ballstáit agus óna n-údaráis náisiúnta, agus ó ghníomhaithe tionscail, comhlachais tomhaltóirí agus comhpháirtithe idirnáisiúnta freagracha chomh maith.

Déanfaidh an Coimisiún measúnú laistigh de bhliain ar éifeacht na ngníomhaíochtaí a fógraíodh sa Teachtaireacht seo. I bhfianaise na dtorthaí agus i gcomhairle le húdaráis ábhartha na mBallstát agus leis na páirtithe leasmhara, breithneoidh an Coimisiún an leor na creataí atá ann cheana agus na gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin is infheidhme maidir le hearraí ríomhthráchtála allmhairithe a sheachadtar go díreach chuig tomhaltóirí, nó an bhfuil gá le gníomhaíochtaí agus tograí breise chun rialacha an Aontais a chur chun feidhme go comhleanúnach agus a fhorfheidhmiú go daingean.

[73] Treoirlínte Polaitiúla 2024-2029 | An Coimisiún Eorpach